Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití Tuarascáil Chomhairliúcháin 2023

Cuid 2
Torthaí an tSuirbhé

Comhairliúchán a rinne
H2 Learning
thar ceann na Roinne Oideachais
agus na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Samhain 2023

Clár na nÁbhar

Réamhrá 2
Suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige 3
Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 7
Tuismitheoirí agus Pobail 18
Cleachtas Gairmiúil agus Ceannaireacht 24
Curaclam agus Foghlaim 27
Tacú le Foghlaimeoirí Éagsúla 30
Measúnú agus Meastóireacht 37
Litearthacht Dhigiteach 41
Tosca Eile 44

Réamhrá

D'fhreagair **1,044** duine san iomlán an suirbhé ar líne a riar an Roinn Oideachais idir an 19 Nollaig 2022 agus an 3 Feabhra 2023. Díríodh na freagróirí go léir ar shraith ceisteanna ginearálta. Díríodh freagróirí a raibh baint acu le Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (FCLÓ), nó le leibhéal na bunscoile/na hiar-bhunscoile, ar shraith bhreise ceisteanna a bhain go sonrach leis na hearnálacha sin.

C1 Ionadaíocht Fhreagróirí an tSuirbhé

Fuarthas 786 freagairt aonair, agus fuarthas 258 freagairt thar ceann eagraíochta, scoile nó suíomh FCLÓ.

C2 Cén cur síos is fearr ar do ról/an áit ina n-oibríonn tú?



Tháinig an grúpa ba mhó freagróirí ó dhaoine atá ag obair i mbunscoileanna (36%) agus ina dhiaidh sin tháinig tuismitheoirí (26%) go dlúth agus bhí 13% de na freagróirí ag obair in iar-bhunscoileanna agus 8% díobh ag obair i suíomhanna FCLÓ. Rinne na freagróirí eile ionadaíocht ar raon earnálacha lena n-áirítear ardoideachas, páirtithe leasmhara oideachais agus eile (i.e. seirbhísí tacaíochta litearthachta uimhearthachta, litearthacht aosach, forbairt curaclaim etc.).

Suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige

Tabhair faoi deara gur cuireadh ceisteanna 3 go 6 ar fhreagróirí a thug le fios gur oibrigh siad i Suíomh Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (FCLÓ) nó i Suíomh Cúraim Leanaí ar Aois Scoile (CAS).

C3 Cén cur síos is fearr ar do ról/an áit ina n-oibríonn tú.



As na 61 freagairt a fuarthas, thug 56% de na freagróirí le fios go n-oibríonn siad i suíomh FCLÓ, thug 41% díobh le fios go n-oibríonn siad i suíomh a sholáthraíonn FCLÓ agus CAS araon agus roghnaigh beirt fhreagróirí eile (feighlí linbh, réamhscoil Montessori).

R4 Príomhról na bhfreagróirí.



.

As measc na bhfreagróirí sin, tá 31% ag obair mar oideoir luathbhlianta, tá 31% ag obair mar bhainisteoir ar sheirbhís FCLÓ, tá 28% ag obair mar bhainisteoir ar sheirbhís chomhcheangailte FCLÓ CAS agus tá 7% ag obair mar fheighlí linbh. Chuir 3% de na freagróirí in iúl go n-oibríonn siad i ról seachas iad siúd a cuireadh i láthair. Níor roghnaíodh ról an Chleachtóra Cúraim Leanaí in Aois Scoile.

C5 Cén oiliúint agus/nó cé na hacmhainní ar bhain tú an-úsáid aisti/astu?

Chuir na daoine a bhí ag obair in FCLÓ agus CAS réimse freagairtí ar fáil maidir leis na cuir chuige agus na hacmhainní foghlama gairmiúla a thacaigh leo chun forbairt teanga, litearthachta agus uimhearthachta babaithe agus leanaí óga a chur chun cinn.

Áiríodh leo sin rannpháirtíocht i gcláir chreidiúnaithe tríú leibhéal ó leibhéal 6 go leibhéal 8, i réimsí amhail Oideachas agus Cúram Luath-Óige, Oideachas Cuimsitheach agus cláir agus cúrsaí inseirbhíse gaolmhara a bhí dírithe ar chuir chuige oideolaíocha ar leith amhail modh Montessori. Ghlac freagróirí eile páirt i gcúrsaí creidiúnaithe eile, arna gcur ar fáil ag earnáil BOO agus ag soláthraithe príobháideacha eile.

Ina theannta sin, thuairiscigh roinnt freagróirí gur fhreastail siad ar cheardlanna a reáchtáil coistí áitiúla contae agus cathrach i gcúram leanaí agus an tSeirbhís um Fhorbairt Cáilíochta de Thús Níos Fearr, áit ar fhreastail freagróirí ar sheimineáir ghréasáin ar líne nó ar chláir ríomhfhoghlama.

Chomh maith le freastal ar chúrsaí agus imeachtaí foirmiúla, luaigh daoine eile an luach a bhaineann le plé gairmiúil le gairmithe eile, agus acmhainní sonracha amhail Treoir Chleachtais Aistear Síolta, leabhrán Barnardo maidir le “Cúrsaí Litearthachta & Uimhearthachta”, agus tacaíocht Speisialtóirí Luathbhlianta na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) de Thús Níos Fearr.

Luaigh roinnt freagróirí an gá atá le hoiliúint bhreise a chur ar fáil atá saincheaptha go sonrach d’Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige, agus do Shíolta, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d’Oideachas na Luath-Óige.

Mar sin féin, bhí líon beag freagróirí ann a bhraith go raibh an méid oiliúna a bhí ar fáil rómhór dóibh agus leag siad béim ar an ngá atá le foireann bhreise agus le ham breise chun a gcuid eolais agus scileanna nua a leabú go hiomlán ina gcleachtais féin.

Ina theannta sin, chuir na freagróirí an réimse moltaí seo a leanas ar fáil:

- Oiliúint níos praiticiúla ar Aistear agus Síolta a ionchorprú san fhoghlaim ghairmiúil.
- Leanúint de chineálacha éagsúla oiliúna a thairiscint i bhfoirm ceardlanna duine le duine, seimineáir ghréasáin ar líne agus cúrsaí agus clár atá foirmiúil/creidiúnaithe.

- Líon na mball foirne i suíomhanna FCLÓ a mhéadú chun cur ar chumas na mball foirne a gcuid eolais agus scileanna nua a chur chun feidhme.
- Níos mó oiliúna a chur chun feidhme maidir le hoideachas cuimsitheach agus i sainréimsí, amhail tacaíocht urlabhra agus teanga.
- Plé gairmiúil agus comhroinnt dea-chleachtas i measc oideoirí FCLÓ a spreagadh agus a éascú.
- Breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le haitheantas agus tacaíocht níos fearr d'oideoirí FCLÓ ó thaobh tuarastail agus aitheantas gairmiúil de.

C6 Cad iad na cineálacha cur chuige foghlama gairmiúla is úsáidí dar leat?



Na cineálacha cur chuige foghlama gairmiúla is úsáidí

Shainaithin na freagróirí a roghanna maidir le raon leathan cur chuige foghlama gairmiúla. Ba é an rogha ba choitianta ná cúrsaí duine le duine, agus mheas 68% de na freagróirí go raibh an modh foghlama gairmiúla sin an-úsáideach. Tá an modh foghlama gairmiúla sin beagán níos coitianta ná cúrsaí ar líne a raibh 63% de na freagróirí ina bhfabhar. Léiríonn an dá fhreagairt go n-aithníonn na daoine atá ag obair in FCLÓ agus CAS luach an dá chur chuige, agus tugann siad le fios go bhfuil gach modh úsáideach do chineálacha éagsúla ábhair agus d'eispéiris foghlama éagsúla agus tá cur chuige duine le duine ag tacú le daoine ag teacht le chéile in aon áit amháin agus tá cúrsaí ar líne ag soláthar níos mó solúbthachta agus ag ligean d'oideoirí

luathbhlianta agus do chleachtóirí aoise scoile a bhforbairt ghairmiúil a chur in oiriúint dá sceidil.

Roghnaigh 45% de na freagróirí seimineáir gréasáin, ar seimineáir aonuaire iad de ghnáth, mar chur chuige úsáideach. De ghnáth cuireann na seisiúin bheo ar líne sin ar chumas na bhfoghlaimeoirí idirghníomhú le saineolaithe ábhair agus uaireanta le comhfhoghlaimeoirí, trí áiseanna comhrá nó trí sheomraí ar leithligh. Bhí 37% de na freagróirí i bhfabhar suíomhanna gréasáin tiomnaithe acmhainní, rud a thugann le fios go bhfuil meas ag oideoirí agus cleachtóirí aoise scoile ar acmhainní foghlama féinluais freisin.

Measann 23% de na freagróirí go bhfuil pobail foghlama, inar féidir le gairmithe foghlaim óna chéile agus lena chéile, úsáideach. Tugann sé sin le fios gur mhór ag daoine atá ag obair in FCLÓ agus CAS deiseanna chun idirghníomhú lena bpiaraí, áit ar féidir leo comhoibriú agus samplaí (eiseamláirí cleachtais, a roghnaigh 22%) a roinnt óna gcleachtas gairmiúil féin.

Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna

Tabhair faoi deara gur cuireadh ceisteanna 17 go 16 ar fhreagróirí a thug le fios gur oibrigh siad i mbunscoil nó in iar-bhunscoil.

C7 Cineál Scoile.



Freagróirí ó scoileanna – an cineál scoile

As na freagróirí tháinig beagnach 70% ó bhunscoileanna (69%), agus bhí 23% ag déanamh ionadaíochta d'iar-bhunscoileanna Béarla. Bhí cúig faoin gcéad ó earnáil na mbunscoileanna lán-Ghaeilge agus bhí 1% ó earnáil na n-iar-bhunscoileanna Gaeilge, bhí 1% ó scoileanna speisialta agus bhí 2% eile á rangú féin mar scoileanna eile ann. De ghnáth, ba bhunscoileanna iad sin a raibh ranganna ASD (neamhord de chuid speictream an uathachais) acu.

C8 Freagróirí ó scoileanna CDSISI (DEIS)



Freagróirí ó scoileanna CDSISI (DEIS) – leibhéil CDSISI (DEIS)

Ar an iomlán, bhí 97 freagairt ó scoileanna CDSISI (DEIS), agus b'ionann 46% díobh sin agus Tuaithe CDSISI (DEIS), bhí 36% ó Bhanda Uirbeach 1 CDSISI (DEIS) agus bhí 18% eile ó Bhanda Uirbeach 2 CDSISI (DEIS).

C9 Cén ról atá agat sa scoil?



Freagróirí ó scoileanna CDSISI (DEIS) – Príomhróil

B'ionann 49% de fhreagróirí an tsuirbhé agus príomhoidí agus ionadaithe, 32% agus múinteoirí ranga, 12% agus múinteoirí oideachais speisialta, agus b'ionann 7% eile agus príomhoidí teagaisc, leabharlannaithe, treoirchomhairleoirí agus raon foirne tacaíochta scoile.

C10 Cén fhoghlaim ghairmiúil ar ghlac tú páirt inti chun tacú le do chuid oibre le leanaí chun a n-eolas, a scileanna agus a dtuiscint litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a fhorbairt?



Rannpháirtíocht san fhoghlaim ghairmiúil

Ghlac freagróirí páirt i bhfoghlaim ghairmiúil, ó SFGM (An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí), a nIonaid Oideachais áitiúla, CNOS (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta) agus tacaíochtaí SSM (An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí), le tairiscint bhreise ó raon eispéireas foghlama gairmiúla eile. Chuir SFGM forbairt ghairmiúil ar fáil do bhunscoileanna agus ón Idirbhliain go dtí an tsraith shinsearach, agus chuir SSM forbairt ghairmiúil ar fáil go dtí an tSraith Shóisearach. Tá Oide tagtha in áit SFGM agus SSM anois. Cé go bhfuair líon mór múinteoirí rochtain ar na seirbhísí tacaíochta ábhartha, tugadh faoi deara go raibh fadhbanna ann uaireanta maidir le ró-shuibscríobh ar roinnt cúrsaí.

Faoin gcatagóir Eile (19%), shainaithin múinteoirí réimse leathan eispéireas foghlama gairmiúla a chuimsíonn Céimeanna Máistreachta, Dioplómaí agus Teastais Iarchéime, agus réimse cáilíochtaí i réimsí amhail Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO), Oideachas Litearthachta, agus Teagasc agus Foghlaim an 21ú hAois. Ina theannta sin, bhí go leor oideoirí réamhghníomhach agus iad ag glacadh páirt i gcúrsaí forbartha gairmiúla a chuir an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) agus soláthraithe eile ar fáil, ar líne agus i suíomhanna duine le duine.

Tá rochtain faighte ag múinteoirí freisin ar shainacmhainní foghlama, amhail iad siúd ó Chumann Disléicse na hÉireann, Cumann Litearthachta na hÉireann, agus eagraíochtaí thar lear, amhail Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin. Thug múinteoirí faoin bhfoghlaim ghairmiúil freisin i réimsí sonracha amhail Breith ar an Léitheoireacht, Sábháilteacht Idirlín, agus cóitseáil agus meantóireacht.

Leag freagróirí béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le líonrú, agus líonraí príomhoidí scoile atá ann cheana á n-úsáid ag roinnt acu chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus a bhailiú, agus rinne freagróirí eile tagairt don luach a bhaineann le freastal ar chomhdhálacha oideachais, ina raibh meas acu ar thuairimí aoichainteoirí freisin. Rinne roinnt freagróirí taighde ar chineálacha nuálacha cur chuige idirnáisiúnta lasmuigh d'Éirinn, san Astráil mar shampla, chun foghlaim faoi chineálacha nua cur chuige a d'fhéadfaidís a chomhtháthú ina straitéisí teagaisc. Ar deireadh, thug go leor freagróirí faoi raon eispéireas foghlama féinstiúrtha, a éascaíodh trí chuairt a thabhairt ar shuíomhanna gréasáin ábhartha, trí rochtain a fháil ar fhíseáin YouTube, agus trí rochtain a fháil ar mholtaí a rinne a nIonad Oideachais áitiúil. Dá bhrí sin, bhí raon leathan modhanna foghlama gairmiúla a raibh rochtain ag na freagróirí orthu agus a d'úsáid siad maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach.

C11 Na modhanna is éifeachtaí chun foghlaim ghairmiúil a chur ar fáil don Litearthacht, don Uimhearthacht agus don Litearthacht Dhigiteach.



Na modhanna foghlama gairmiúla is éifeachtaí

Thug freagróirí le fios gurb iad cúrsaí duine le duine (74%) agus deiseanna saincheaptha foghlama gairmiúla laistigh den scoil (58%) na modhanna foghlama gairmiúla is éifeachtaí dóibh.

Go suntasach, lean cineálacha cur chuige amhail rochtain a fháil ar acmhainní praiticiúla amhail ceachtanna eiseamláire dea-chleachtais (46%), agus suíomhanna gréasáin acmhainní tiomnaithe (45%). Ina dhiaidh sin bhí rochtain ar cheachtanna samplacha (39%) agus ar chúrsaí ar líne (32%). Mheas 25% de na freagróirí go raibh seimineáir ghréasáin éifeachtach. Mar sin féin, sa chás sin is cosúil go meastar go bhfuil imeachtaí foghlama beo i bpearsa, amhail cúrsaí duine le duine agus imeachtaí foghlama gairmiúla inscoile, níos éifeachtaí ná eispéiris agus acmhainní foghlama ar líne.

Measadh nach raibh nuachtlitreacha agus rochtain ar pháipéir taighde (6%) chomh héifeachtach céanna, ach tá ról acu freisin maidir leis an bhfoireann a chur ar an eolas faoi chleachtais nua agus faoi chleachtais atá ag teacht chun cinn.

Ar deireadh, thug beagnach 40% de na freagróirí (39%) le fios gurbh fhearr leo meascán de na modhanna go léir atá liostaithe thuas, rud a thugann le fios go mbeadh meas acu ar chur chuige ilghnéitheach, rud a thabharfadh rogha do mhúinteoirí ag brath ar a spéiseanna agus ar a suíomh.

C12 Céimeanna a glacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaítear le daltaí chun a n-eolas, a scileanna agus a dtuiscint uimhearthachta agus litearthachta a fhorbairt.



Modhanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití

Shainaithin foireann na scoile raon gníomhaíochtaí a dhéanann siad chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaítear le daltaí chun a n-eolas, a scileanna agus a dtuiscint uimhearthachta agus litearthachta a fhorbairt. Is é an cur chuige is mó a ghlacann freagróirí, i measc beagnach 90% díobh, ná páirt a ghlacadh i bplé foirne iomláine agus monatóireacht a dhéanamh ar obair foghlaimeoirí. Ina dhiaidh sin, roinneann múinteoirí cleachtas gairmiúil (78%) agus cruthaíonn foireann na scoile a bpleananna féinmheastóireachta scoile (72%). Cuireann an cur chuige FMS ar chumas scoileanna cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh agus pleananna a fhorbairt ar fud na scoile chun aghaidh a thabhairt ar litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach. Chuir freagróirí an-bhéim ar athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtais mheasúnaithe ar leibhéal uile-scoile (56%), agus ba chosúil nach raibh an fonn céanna orthu pleananna foghlama gairmiúla neamhspleácha a chruthú (27%).

Tugann freagairtí le fios go bhfuil meas mór ag scoileanna ar chuir chuige ar fud na scoile a ghlacadh, áit ar féidir leo foghlaim ó chomhghleacaithe agus áit ar féidir leo athbhreithniú a dhéanamh ar chuir chuige theagaisc, foghlama agus mheasúnaithe is fearr a oireann dá gcomhthéacsanna uathúla agus iad a chomhroinnt. Dúirt cuid acu fiú go dtagann siad le chéile

go rialta chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar a straitéisí cur chun feidhme agus, mar scoil iomlán le hionchur ó thuismitheoirí, go ndéanann siad athruithe de réir mar is gá. Ar an gcaoi sin, bíonn a bpleananna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití gníomhach agus ag athrú an t-am ar fad.

C13 Cad a thacaíonn le heispéiris foghlama shaibhre maidir le litearthacht agus uimhearthacht sa seomra ranga.



Na tacaíochtaí is éifeachtaí do chleachtadh sa seomra ranga

Fuarthas raon leathan freagairtí ar an gceist sin. I measc na dtacaíochtaí is mó a bhfuil tóir orthu a sainaithníodh tá; deiseanna forbartha gairmiúla uile-scoile (83%) agus deiseanna forbartha gairmiúla múinteoirí aonair (77%). Sainaithníodh freisin go dtacaíonn measúnú leanúnach ar litearthacht agus uimhearthacht leanaí (64%), mar aon le méadú ar an am atá ar fáil chun litearthacht agus uimhearthacht a theagasc (60%), le heispéiris foghlama shaibhre maidir le litearthacht agus uimhearthacht, mar aon le cumarsáid agus rannpháirtíocht tuismitheoirí san fhoghlaim litearthachta agus uimhearthachta (58%). Thug daichead a cúig faoin gcéad de na freagróirí le fios go raibh úsáid sonraí measúnaithe chun bonn eolais a chur faoi chleachtais mhachnamhacha féinmheastóireachta agus faoi phleananna feabhsúcháin scoile éifeachtach

freisin, agus tá sé sin ailínithe go dlúth le tacú le measúnú leanúnach ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta leanaí.

Tacaíonn na sonraí le scoileanna am agus rochtain a bheith acu maidir le heispéiris agus acmhainní ábhartha foghlama gairmiúla, ionas gur féidir leo aghaidh a thabhairt ar na hábhair sin agus, nuair is gá, a n-acmhainní féin a chruthú. Luaigh roinnt freagróirí gur cheart gur ceacht litearthachta a bheadh i ngach ceacht agus gur cheart do scoileanna timpeallachtaí atá saibhir ó thaobh litearthachta de a chruthú, ina bhfuil naisc níos mó idir ábhair, go háirithe sa bhunscoil. D'iarr daoine eile nach ndéanfaí an méid céanna 'athchóirithe curaclaim' agus go gcuirfí béim ní ba mhó ar chleachtais sheanbhunaithe a úsáid chun tacú lena bhfoghlaimeoirí a n-acmhainneacht a bhaint amach, agus shainaithin daoine eile cláir agus táirgí áirithe a oibríonn go maith ina gcomhthéacs.

C14 Fócas na Foghlama Gairmiúla amach anseo chun tacú leis an Litearthacht, leis an Uimhearthacht agus leis an Litearthacht Dhigiteach.

Fuarthas breis agus 200 moladh ó fhreagróirí maidir leis an gceist seo - fócas na foghlama gairmiúla amach anseo chun tacú le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach. Bhí na freagraí fadréimseach agus áiríodh leo níos mó acmhainní agus ama a chur ar fáil chun cúrsaí nua a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne oideachais. Bhí sé suntasach, ag brath ar an earnáil inar oibrigh an freagróir, go raibh tionchar aige sin ar na freagairtí agus ar na moltaí.

Cé go bhfuil méid suntasach ama agus acmhainní á n-infheistiú cheana féin, is léir ó gach earnáil gur mhaith le freagróirí tuilleadh tacaíochtaí a fhorbairt maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a fheabhsú sa straitéis nua. Mhol freagróirí treoir, bíodh sin duine le duine nó ar líne, maidir le cad a oibríonn (cuir chuige atá bunaithe ar fhianaise) agus conas is fearr cuir chuige den sórt sin a chur chun feidhme. Rinneadh iarratais ar thacaíochtaí breise sa scoil/sa suíomh inar féidir le gach ball foirne oibriú le chéile, foghlaim óna chéile agus a gcuir chuige chomhchoiteanna a phleanáil go straitéiseach.

I ndáil leis sin, is cosúil gur dúshlán é an t-am do go leor daoine, agus ba mhaith le hearnáil FCLÓ níos mó ama a thabhairt don fhoireann cineálacha chun cuir chuige nua a fhorbairt agus dul i mbun comhphleanála. Arís eile bhí moltaí ann maidir le deiseanna líonraithe méadaithe chun cleachtais a roinnt i measc piaraí, ó cheannasaithe litearthachta go múinteoirí seomra ranga, ba mhaith le daoine idirghníomhú agus cloisteáil agus a fheiceáil cad atá ag obair agus conas a d'fhéadfaidís é a oiriúnú dá gcomhthéacs. Bíonn am ag teastáil ó ghníomhaíochtaí den sórt sin, agus is minic a bhíonn discréid ag teastáil uathu, ó thaobh na scoile nó shuíomh an

FCLÓ de, chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na cineálacha líonraithe agus comhair is oiriúnaí dá gcomhthéacs.

Thug freagróirí eile FCLÓ breac-chuntas ar thacaíochtaí sonracha maidir le réimsí amhail feasacht fóineolaíochta, feasacht foghraíochta agus fónaic sa luathlitearthacht, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le hábhair nithiúla agus naisc fíorshaoil i dteagasc na huimhearthachta. Teastaíonn fianaise níos fearr ó fhreagróirí maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cuir chuige áirithe ar fhoghlaimeoirí, agus teastaíonn uathu go ndéanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfianaise ghaolmhar lena chinntiú go bhfuil na hábhair agus na cuir chuige is fearr á n-úsáid acu. I ndeireadh na dála, d'iarr freagróirí cuir chuige phraiticiúla atá bunaithe ar fhianaise agus atá éifeachtach i suíomhanna oideachais na hÉireann, agus ba mhaith leo foghlaim conas is féidir leo cuir chuige den sórt sin a chur chun feidhme ina suíomh.

Bhí saincheist na litearthachta digití le feiceáil go mór sna nótaí trachta. B'ionann roinnt litearthachta digití, trí dhearmad, agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i scoileanna, ar a dtugtar oideachas digiteach nó oideachas TFC de ghnáth. Iarradh go minic go gcuirfí oiliúint ar an bhfoireann iomlán maidir leis an litearthacht dhigiteach agus go gcabhrófaí le múinteoirí/oideoirí measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar leibhéil litearthachta digití na bhfoghlaimeoirí. Moltar difreáil níos mó, dá bhrí sin, maidir leis na scileanna litearthachta digití atá ag teastáil ar fud chontanam an oideachais, ó shuíomhanna FCLÓ go dtí an tsraith shinsearach, ionas go mbeidh a fhios ag múinteoirí/oideoirí cad a bhfuiltear ag súil leo uathu.

D'iarr freagróirí go ndéanfaí acmhainní ar líne ar ardchaighdeán a tháirgeadh agus a chomhroinnt ar féidir leo tacú le hoideoirí agus múinteoirí FCLÓ a scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a fhorbairt. Ba mhaith leo go mbeadh na hacmhainní sin ar fáil go héasca agus éasca le híoslódáil, ionas gur féidir iad a úsáid lena bhfoghlaimeoirí faoi seach.

D'iarr daoine eile soláthar ní b'fhearr d'fhorbairt ghairmiúil shaincheaptha, ó thacaíocht inscoile go cúrsaí forbartha gairmiúla in Ionaid Oideachais. Ba cheart go gcuideodh an soláthar sin leis an bhfoireann measúnú a dhéanamh ar leibhéil na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití agus úsáid a bhaint as teicnící difreála, chun gach foghlaimeoir a mhealladh, ó na foghlaimeoirí is cumasaí go dtí na foghlaimeoirí a bhfuil tacaíochtaí breise ag teastáil uathu. Bhí moltaí ó roinnt múinteoirí le haghaidh treoir shonrach bhreise maidir le cúnamh a thabhairt do leanaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu ar nós disléicse agus dóibh siúd a bhfuil an mhatamaitic dúshlánach dóibh.

Luaigh múinteoirí iar-bhunscoile go bhfuil dúshláin ar leith rompu, mar nach measann gach múinteoir faoi láthair go bhfuil ról acu i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta.

Ar deireadh, d'aithin na freagróirí na tacaíochtaí reatha a chuireann na comhlachtaí tacaíochta éagsúla ar fáil (amhail SFGM, SSM agus comhlachtaí eile) agus d'iarr siad tacaíocht bhreise do na heagraíochtaí sin, go háirithe chun tacú le Pobail Foghlama Gairmiúla (PLCanna). D'aithin na freagróirí a thábhachtaí atá sé dea-chleachtais a ghabháil agus a aithint laistigh de scoileanna agus foghlaim idir piaraí a chur chun cinn trí na cleachtais sin a roinnt. Measadh go raibh na tacaíochtaí sin an-tábhachtach chun cur chuige uile-scoile a fhorbairt.

C15 Gnéithe Dearfacha de litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a theagasc sa seomra ranga.

Iarradh ar fhreagróirí na gnéithe ba dhearfaí de theagasc litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a shainaithint ina seomraí ranga. Ba bhreá le múinteoirí agus le hoideoirí Luathbhlianta go mbeadh a bhfoghlaimeoirí faoi bhláth agus go bhfeicfidís iad ag déanamh dul chun cinn maidir le forbairt a scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití. Luaigh na freagróirí gurbh í an ghné ba dhearfaí den litearthacht, den uimhearthacht agus den litearthacht dhigiteach ná go raibh na foghlaimeoirí ag fás agus ag forbairt, ó thaobh a gcuid scileanna de ach freisin ó thaobh na muiníne atá acu a gcuid scileanna nua a úsáid ina saol. Ba mhór acu go háirithe na 'splancacha thuisceana' a bhí ann – nuair a thuigtear coincheap – mar chloch mhíle luachmhar don oideoir luathbhlianta/don mhúinteoir agus don fhoghlaimeoir, agus béim á leagan acu ar an dul chun cinn agus ar an bhforbairt a rinneadh.

Thug freagróirí le fios go raibh sé ríthábhachtach dearcthaí dearfacha a fhorbairt i leith na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití laistigh de shuíomh FCLÓ nó sa scoil chun a chinntiú go mbeadh dul chun cinn agus forbairt á ndéanamh ag foghlaimeoirí. Ba bhreá le hoideoirí agus múinteoirí FCLÓ a gcuid foghlaimeoirí a fheiceáil faoi bhláth, dearcthaí dearfacha a fhorbairt agus iad a fheiceáil ag déanamh dul chun cinn maidir lena scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a fhorbairt. Luaigh na freagróirí gurbh í an ghné ba dhearfaí de theagasc na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití ná go raibh na foghlaimeoirí ag fás agus ag forbairt, ó thaobh a gcuid scileanna de agus ó thaobh na muiníne atá acu freisin a gcuid scileanna nua a úsáid ina saol. Ba mhór acu go háirithe na 'splancacha thuisceana' a bhí ann – nuair a thuigtear coincheap – mar chloch mhíle luachmhar don oideoir/don mhúinteoir agus don fhoghlaimeoir, agus béim á leagan acu ar an dul chun cinn agus ar an bhforbairt a rinneadh.

Liostaigh freagróirí raon leathan cur chuige oideolaíoch agus ina measc sin bhain siad úsáid as ábhair phraiticiúla, cluichí teanga agus matamaitice, gníomhaíochtaí teanga bhéil agus cleachtais féineagarthóireachta chun timpeallachtaí foghlama dinimiciúla taitneamhacha a

choimeád. Rinne siad tagairt do chuir chuige uile-scoile i leith na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití mar chuir chuige thábhachtacha, agus mhol daoine eile luath-idirghabhálacha agus comhsheasmhacht tacaíochta agus cur chuige ar gach leibhéal oideachais. Tá cuir chuige den sórt sin, mar a moladh, tairbheach go háirithe do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (RSO), ina bhfuil an fócas ar dhul chun cinn aonair ríthábhachtach.

Rinneadh go leor tagairtí d'úsáid na teicneolaíochta digití agus arís eile áiríodh leo sin samplaí d'fhorbairt na litearthachta Digití agus de theicneolaíochtaí digiteacha a leabú ar fud an churaclaim (lena n-áirítear tacú le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu freisin). Luaigh cuid acu an dul chun cinn suntasach atá déanta ag scoileanna maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid le linn Covid-19, agus mhol cuid eile acu go raibh roinnt múinteoirí tar éis filleadh ar chuir chuige neamhdhigiteacha réamh-Covid-19. Luaigh daoine eile gur cuireadh réimse ní ba leithne deiseanna ar fáil do dhaltaí, ar gach leibhéal, chun a scileanna litearthachta digití a fhorbairt mar gheall ar an infhaighteacht téacsanna digiteacha agus faisnéise digití i bhformáidí digiteacha atá ag méadú.

Rinne go leor freagróirí trácht ar an tionchar dearfach a bhíonn ag cuir chuige uile-scoile agus ag teagasc foirne ar thionchar dearfach ar an bhfoghlaim. Baineann cuir chuige chomhoibríocha den sórt sin freisin le réimsí amhail pleanáil agus éascú a dhéanamh ar chineálacha cur chuige níos solúbtha lena bhfreastalaítear ar bhealach níos fearr ar riachtanais agus leasanna na bhfoghlaimeoirí. D'fhéadfadh cur chuige foghlama atá níos dírithe ar an leanbh a bheith mar thoradh ar chuir chuige foghlama phearsantaithe den sórt sin. Labhair daoine eile faoin tábhacht a bhaineann le plé agus cuir chuige ghaolmhara a chur chun cinn, amhail teagasc dialógach, trínar féidir le foghlaimeoirí de gach aois a gcuid scileanna litearthachta béil a fhorbairt i mBéarla, i nGaeilge agus i dteangacha eile. Labhair daoine eile faoi na deiseanna atá ann líofacht labhartha a fhorbairt ar fud an churaclaim ar leibhéal na hiar-bhunscoile trí na Measúnuithe Rangbhunaithe (CBAnna) sa tSraith Shóisearach.

meon foriomlán i measc oideoirí/múinteoirí is ea go bhfuil sé ríthábhachtach scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a fhorbairt chun foghlaimeoirí a chumhachtú, agus chun iad a ullmhú do thodhchaí dhigiteach atá ag athrú go tapa.

C16 Cad iad na príomhdhúshláin a bhí agat?

Seo a leanas cuid de na príomhdhúshláin a shainaithin na freagróirí agus iad ag cur litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití chun feidhme:

Srianta Acmhainní: Cé gur aithníodh an maoiniú deontais TFC a chuir an Roinn ar fáil do scoileanna le roinnt blianta anuas, luadh go fóill go raibh acmhainní neamhleora ann - idir acmhainní digiteacha agus neamhdhigiteacha - chun tacú le riachtanais éagsúla foghlaimeoirí. Áirítear leis sin uirlisí oideachais neamhleora amhail gléasanna táibléid, teicneolaíocht chúnta do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu, agus maoiniú do threalamh TFC. Leagadh béim freisin ar an rochtain ar Wi-Fi agus ar uirlisí litearthachta digití ar ardchaighdeán.

Ró-ualach Curaclaim: Luaigh freagróirí éilimh fhairsinge an churaclaim, as a dtagann srianta ama agus a chuireann bac ar an bhfócas ar litearthacht agus ar uimhearthacht. Luaigh roinnt freagróirí freisin go bhfuil tionscnaimh agus ábhair á gcur leis ar bhonn leanúnach.

Bainistíocht Seomra Ranga: Ba théama coitianta iad na dúshláin a bhaineann le méideanna móra ranga a bhainistiú, agus an gá a bhí le haird agus difreáil aonair dá bharr. Bhí sé thar a bheith deacair do mhúinteoirí réimse leathan cumas a mheas, ó ardghnóthachtálaithe go leanaí a bhfuil RSO acu nó iad siúd atá ag streachailt le litearthacht agus uimhearthacht bhunúsach.

Tionchar COVID-19: Chuir an phaindéim isteach ar an bhfoghlaim, agus chaill foghlaimeoirí ceachtanna tábhachtacha, go háirithe i suíomhanna tumoideachais. Tá sé deacair teacht ar ais iar-Covid, go háirithe mar gheall ar shaoirí breoiteachta leanúnacha, easpa múinteoirí ionaid, agus an riachtanas freastal ar riachtanais leanaí a chuaigh ar gcúl le linn dúnadh scoile.

Forbairt Ghairmiúil: Thuairiscigh múinteoirí nach raibh dóthain forbartha gairmiúla á déanamh i gcláir litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití. Ina theannta sin, luaigh siad go gcuireann srianta ama bac ar phleanáil éifeachtach foirne iomláine agus ar straitéisí teagaisc comhordaithe.

Beartas agus Ceannaireacht: D'aithin múinteoirí roinnt dúshlán breise, lena n-áirítear róbhéim ar pháipéarachas, cleachtais cheannaireachta neamhéifeachtacha, easpa plean scoile agus rochtain theoranta ar thacaíocht do mhúinteoirí. Léirigh siad imní freisin faoi na hathruithe ar an gcuraclam a mheastar a bheith ag tarlú go minic agus faoi fhócas a mheastar a bheith mícheart ar ábhair neamhchuraclaim mar shampla ETIM, rud a fhágann go bhfuil croíréimsí cosúil le Béarla thíos leis.

Tacaíocht Tuismitheoirí agus Tacaíocht Sheachtrach: Luadh freisin an brú ar an tacaíocht ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) mar gheall ar an éileamh ard agus an gá atá le tacaíocht bhreise ó thuismitheoirí.

Rannpháirtíocht an Fhoghlaimeora: Ba chúis imní rialta é foghlaimeoirí a choinneáil rannpháirteach agus spreagtha, go háirithe tar éis cur isteach ar ghnáthaimh foghlama rialta de bharr na paindéime.

Tuismitheoirí agus Pobail

Tabhair faoi deara le do thoil gur cuireadh ceisteanna 17 go 35 ar na freagróirí go léir.

C17 Cad iad na seirbhísí pobail is féidir a úsáid chun forbairt litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití leanaí a chur chun cinn?



Seirbhísí pobail a úsáid chun tacú le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach

Iarradh ar fhreagróirí a shainaithint cé na seirbhísí pobail a d'fhéadfaí a úsáid chun forbairt litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití leanaí a chur chun cinn, ó liosta seirbhísí a bhí ann cheana. Shainaithin freagróirí leabharlanna mar phríomhacmhainn agus ina dhiaidh sin bhí clóis súgartha (60.6%), líonra na n-ionad acmhainní oideachais (55%) agus ionaid acmhainní teaghlaigh (55%). Tá sé tábhachtach go raibh ardmheas ar chlóis súgartha, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ag teacht lena n-acmhainneacht tacú le straitéisí foghlama neamhfhoirmiúla, spraoibhunaithe i spásanna comhchoiteanna. Tugtar le fios ann freisin go bhfuil scóip ann litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a fhorbairt lasmuigh de spásanna foghlama foirmiúla. Maidir leis sin, shainaithin freagróirí réimse leathan seirbhísí pobail a d'fhéadfaí a úsáid chun forbairt litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití leanaí a chur chun cinn. Sainaithníodh freisin go gcuireann tuismitheoirí go mór le hoideachas a leanaí, le moltaí maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí níos cuimsithí

Leagadh béim ar chlubanna spóirt áitiúla agus ar ghrúpaí óige ar nós Foróige mar ardáin thábhachtacha chun scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a chothú.

Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí ollmhargaí, bainc, oifigí poist, pictiúrlanna agus músaeim a spreagadh freisin chun deiseanna foghlama neamhfhoirmiúla a chur ar fáil do theaghlaigh a úsáideann a gcuid seirbhísí.

Measadh ionaid phobail áitiúla agus ionaid foghlama aosaí freisin mar mhoil chun litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a chur chun cinn. D'fhéadfaidís ceardlanna agus ranganna a reáchtáil do leanaí agus do thuismitheoirí araon. Ina theannta sin, measadh go raibh imeachtaí speisialta, amhail an Fhéile Foghlama ar Feadh an tSaoil, tairbheach.

Aithníodh na meáin agus an teicneolaíocht, lena n-áirítear fógraí pictiúrlainne, cláir theilifíse do leanaí, cluichí ar líne agus ríomhleabhair, mar uirlisí féideartha chun foghlaim a chur chun cinn sna réimsí sin.

Moladh seirbhísí ó earnálacha sláinte agus poiblí ní ba leithne, amhail Altranas Sláinte Poiblí agus Teiripe Urlabhra agus Teanga, chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais shonracha acu sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach. Moladh freisin go gcuirfí tacaíocht spriocdhírithe ar fáil leis an gcomhoibriú idir scoileanna agus foirne luath-idirghabhála.

C18 Conas is féidir úsáid níos fearr a bhaint as seirbhísí pobail atá ann cheana agus tacú leo chun forbairt litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití leanaí a chur chun cinn tuilleadh?

Roinn freagróirí an tsuirbhé níos mó ná 300 smaoineamh maidir leis an gcaoi ar féidir le seirbhísí pobail atá ann cheana litearthacht, uimhearthacht agus forbairt litearthachta digití leanaí a chur chun cinn ar bhealach níos fearr. Gné lárnach de na moltaí sin ba ea an gá atá le comhoibriú níos láidre idir suíomhanna FCLÓ, scoileanna, leabharlanna agus acmhainní pobail eile chun cur chuige níos aontaithe agus níos éifeachtaí a chinntiú i leith na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití. Thacaigh páirtithe leasmhara pobail le rochtain ní b'fhearr ar litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach leanaí agus cur chun cinn feabhsaithe ina réimsí féin. I measc na bpríomhréimsí le haghaidh forbartha bhí an méid seo a leanas:

Lárú Acmhainní: Moladh cur chuige maidir le 'mol foghlama' ina gcomhdhlúthaítear na hacmhainní agus na tacaíochtaí ábhartha uile agus ina bhfuil rochtain éasca orthu in aon áit amháin. Áirítear leis sin leabharlanna, grúpaí seach-churaclaim, seirbhísí pobalbhunaithe, agus gníomhaireachtaí seachtracha. D'fhéadfadh léarscáileanna idirghníomhacha, cóid QR agus bunachair sonraí cabhrú le faisnéis a dháileadh go héifeachtúil.

Maoiniú: Maoiniú méadaithe a chur ar fáil chun tacú le hábhair oideachais, acmhainní digiteacha agus uirlisí eile is gá chun an fhoghlaim a chur chun cinn. D'fhéadfaí a áireamh leis

sin clubanna léitheoireachta a bhunú, uirlisí digiteacha a chur ar fáil do scoileanna nó rochtain a thabhairt do leanaí ar uirlisí foghlama ETIM.

Feasacht agus Rannpháirtíocht Níos Fearr: Ba cheart tabhairt faoi fheachtais feasachta a leagann béim ar na tacaíochtaí atá ar fáil agus ar ghrúpaí atá dírithe ar litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach. Ba cheart tuismitheoirí a spreagadh chun páirt níos mó a ghlacadh, agus ba cheart béim a leagan ar thábhacht na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití dóibh. Measadh go raibh rannpháirtíocht leanaí sa chinnteoireacht ríthábhachtach freisin. Is féidir feabhsuithe a dhéanamh trí úsáid mhéadaithe a bhaint as liostaí seoltaí, feachtais ar na meáin shóisialta agus nuashonruithe rialta do scoileanna faoi sheirbhísí, tionscnaimh agus forbairtí nua.

Éagsúlacht Chultúrtha agus Teanga: Leagadh béim ar éagsúlacht teanga a aithint agus a cheiliúradh i bpobail atá éagsúil ó thaobh cultúir de, agus cuireadh acmhainní ar fáil i dteangacha éagsúla pobail chun tacú le forbairt na litearthachta. An gá atá le rochtain chothrom ar sheirbhísí i gceantair thuaithe agus uirbeacha araon, agus aird ar éagsúlacht agus ar chuimsiú i seirbhísí pobail.

Rannpháirtíocht agus Oideachas Tuismitheoirí: Tá comhaontú láidir ann maidir leis an tábhacht a bhaineann le páirt a thabhairt do thuismitheoirí i bhfoghlaim a leanaí. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí chúrsaí a thairiscint do thuismitheoirí, tríd an tábhacht a bhaineann le léamh do leanaí ag aois óg a chur chun cinn, nó trí dheiseanna a chruthú do thuismitheoirí foghlaim in éineacht lena leanaí le linn ceardlann. Moladh oiliúint do thuismitheoirí ar thábhacht na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití, chomh maith le conas tacú le forbairt a leanaí, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama agus riachtanais mhothúchánacha agus mheabhairshláinte acu.

Seirbhísí Feabhsaithe i Leabharlanna agus Áiseanna Eile: Mhol páirtithe leasmhara uaireanta oscailte fadaithe do leabharlanna, tacaíocht litearthachta digití inscoile, gníomhaíochtaí atá níos dírithe ar leanaí, ranganna ríomhaire códóra dojo-stíl agus raon níos leithne leabhar i leabharlanna agus i scoileanna. Tá gá le for-rochtain chuig ceantair thuaithe, agus béim ar leith á leagan ar cheantair nach bhfuil leabharlanna áitiúla iontu.

Bonneagar agus Seirbhísí Feabhsaithe: Moladh áiseanna clós súgartha níos fearr, teicneolaíocht leabharlainne nuashonraithe, clubanna iarscoile, clubanna oibre baile le hoibrithe deonacha agus criosanna folláine do leanaí. D'fhéadfaí a áireamh leis sin comharthaí tadhlacha a úsáid i spásanna poiblí, puzail litearthachta/uimhearthachta in áiteanna súgartha agus deiseanna foghlama litearthachta agus uimhearthachta a chur san áireamh in ionaid phobail agus i bpáirceanna.

Pleanáil agus Comhordú Comhoibríoch: Tá gá le comhordú trasinstitiúide chun dúbláil seirbhísí a chosc. Le cur chuige ní ba chomhtháite, bheadh gníomhaireachtaí seachtracha ag tairiscint nuashonruithe tráthúla do scoileanna faoi na seirbhísí atá ar fáil.

Seirbhísí agus Gníomhaíochtaí Éagsúla: Spreag freagróirí réimse ní ba leithne gníomhaíochtaí pobail, mar shampla clubanna leabhar, drámaíocht, ceol, TFC, teangacha agus seisiúin cheardaíochta. Mhol siad freisin conairí litearthachta/uimhearthachta i gceantair áitiúla agus i gclóis súgartha a mbeadh gnéithe oideachasúla ag baint leo.

Naisc Neartaithe le Scoileanna: Ba chóir do sheirbhísí pobail oibriú go díreach le scoileanna chun tuiscint níos fearr a fháil ar na riachtanais agus na bearnaí i bhfoghlaim na ndaltaí. I measc na moltaí tá cuairteanna pobail ar scoileanna, tionscnaimh litearthachta a fhorbairt i gcomhar le scoileanna nó comhairle ó scoileanna a thabhairt do sheirbhísí pobail maidir leis an mbealach is fearr chun tacú leis an bhfoghlaim chun leanúnachas oideachais a chinntiú agus teachtaireachtaí soiléire comhsheasmhacha a chur in iúl. Chomh maith leis sin, spreagfadh comhtháthú acmhainní idir pobail agus scoileanna trí thionscadail agus imeachtaí comhoibríocha úsáid ní ba mhó as acmhainní pobail.

Fócas ar Leanaí faoi Mhíbhuntáiste agus ar Chuimsiú: Ba cheart do sheirbhísí aird ar leith a thabhairt ar leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste nó ar leanaí ó ghrúpaí eitneacha éagsúla. Áirítear leis sin níos mó tacaíochtaí inscoile, tacaíochtaí teanga baile agus acmhainní sonracha do leanaí ar dídeanaithe iad.

C19 Conas is féidir tacaíocht níos fearr a thabhairt do thuismitheoirí agus do theaghlaigh chun cuidiú le forbairt litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a linbh a chur chun cinn?

Thug freagróirí an tsuirbhé breis agus 300 freagairt ar an gceist sin, rud a léiríonn an ról lárnach atá ag tuismitheoirí agus ag teaghlaigh maidir le cuidiú lena leanaí, ag gach céim den oideachas, chun a scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a fhorbairt. Mhol freagróirí raon cineálacha cur chuige a úsáid, lena n-áirítear seimineáir ghréasáin fhaisnéiseacha, seimineáir, cúrsaí ar líne, cláir litearthachta phobalbhunaithe agus scoilbhunaithe agus cumarsáid shoiléir faoi chuspóirí foghlama scoile chun cumhacht a thabhairt do thuismitheoirí cúnamh níos fearr a thabhairt dá leanaí. Seo a leanas moltaí comhdhlúite maidir le conas is féidir tacaíocht níos fearr a thabhairt do thuismitheoirí agus do theaghlaigh:

Oideachas & Oiliúint do Thuismitheoirí: Réimse cúrsaí agus ceardlann a thairiscint, lena n-áirítear ar líne, chun oideachas a chur ar thuismitheoirí maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a linbh a chur chun cinn. I measc na n-ábhar a d'fhéadfadh a bheith

i gceist tá tuiscint ar an gcuraclam agus leideanna simplí ar féidir iad a ionchorprú i ngníomhaíochtaí laethúla litearthachta uimhearthachta agus litearthachta digití. Ba cheart béim ar leith a leagan ar an tábhacht a bhaineann le léitheoireacht agus le dul i mbun caidrimh le leanaí ó aois óg.

Infhaighteacht Acmhainní: Méadú ar infhaighteacht acmhainní amhail leabhair saor in aisce, cluichí oideachasúla agus sraitheanna straitéisí lena gcuirtear foghlaim litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití chun cinn sa bhaile. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí thionscnaimh amhail leabhair a chur ar fáil ag seiceálacha forbartha nó pacáistí cluichí oideachais a dháileadh ar theaghlaigh. Mhol tuismitheoirí freisin go n-úsáidfí tairseach faisnéise nó aip thiomnaithe le haghaidh acmhainní ábhartha.

Seirbhísí Tacaíochta Pobail: Soláthar seirbhísí pobalbhunaithe amhail grúpaí tacaíochta do thuismitheoirí, ceardlanna litearthachta agus uimhearthachta agus feachtais faisnéise do thuismitheoirí, agus aird ar leith á tabhairt ar cheantair faoi mhíbhuntáiste. D'fhéadfadh leabharlanna agus ionaid acmhainní teaghlaigh ról suntasach a imirt maidir le himeachtaí den sórt sin a reáchtáil.

Comhoibriú idir Tuismitheoirí agus Scoileanna: Cumarsáid agus comhoibriú feabhsaithe idir tuismitheoirí agus scoileanna, lena n-áirítear deiseanna rialta do thuismitheoirí tuiscint a fháil ar an méid atá á fhoghlaim ag a leanaí agus páirt a ghlacadh ann. I measc na moltaí ó thuismitheoirí tá naisc nó faisnéis arna seoladh abhaile ag an scoil, grúpaí léitheoireachta do thuismitheoirí agus do leanaí araon agus seisiúin saineolais chomhroinnte idir an baile agus an scoil.

Foghlaim Dhigiteach Chothrom: Oideachas a chur ar thuismitheoirí faoi na rioscaí agus na tairbhí a bhaineann le huirlisí foghlama digití agus úsáid chothrom a spreagadh. Treoir curtha ar fáil chun uirlisí digiteacha a úsáid ar bhealach spraíúil ach oideachasúil.

Fócas ar an Luath-Óige: Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le súgradh i bhforbairt litearthachta agus uimhearthachta na luath-óige, agus ar an ngá atá le hacmhainní a chuireann curaclam bunaithe ar shúgradh chun cinn. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar thionscnaimh lena ndírítear ar fhorbairt teanga, litearthachta agus uimhearthachta, ag tosú ón gcéim réamhbhreithe, agus ról lárnach ag gairmithe a bhfuil taithí acu agus ag oideoirí luathbhlianta.

Ról Rialtais & Institiúideach: Iarradh smaointeoireacht ní ba chomhleanúnaí ó ranna rialtais, le cumarsáid shoiléir maidir le róil tuismitheoirí i bhforbairt litearthachta agus uimhearthachta.

Tacaíocht Inrochtana do Riachtanais Éagsúla: A chinntiú go bhfuil tacaíocht inrochtana do chách, lena n-áirítear do thuismitheoirí a bhféadfadh tacaíocht litearthachta agus

uimhearthachta a bheith ag teastáil uathu féin, do thuismitheoirí EAL agus dóibh siúd nach bhfuil rochtain dhigiteach éasca acu. D'fhéadfadh sé gurb é a bheadh i gceist leis sin acmhainní a chur ar fáil i bhformáidí agus i dteangacha éagsúla nó dul i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí faoi stiúir imirceach.

Feasacht an Phobail a Mhéadú: Feachtais a sheoladh ar fud na tíre chun feasacht a mhúscailt maidir le tábhacht na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití. D'fhéadfaí a áireamh leis sin fógraí poiblí, fógraí leabharlainne agus feachtais ar na meáin shóisialta ina mbeadh leideanna praiticiúla agus acmhainní do thuismitheoirí.

Cleachtas Gairmiúil agus Ceannaireacht

C20 Conas is fearr is féidir tacú le hoideoirí luathbhlianta, múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile chun scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití leanaí/daoine óga a fheabhsú?



Tacaíochtaí d'oideoirí agus do mhúinteoirí FCLÓ

Shainaithin beagnach 80% de na freagróirí gurb í an fhoghlaim ghairmiúil an tacaíocht is éifeachtaí do mhúinteoirí agus d'oideoirí luathbhlianta, agus ina dhiaidh sin bhí soláthar acmhainní teagaisc, foghlama agus measúnaithe don litearthacht, don uimhearthacht agus don litearthacht dhigiteach (74%). Shainaithin freagróirí acmhainní, amhail téacsleabhair nuashonraithe, uirlisí teagaisc nuálacha agus modhanna measúnaithe éifeachtacha chun dul chun cinn an fhoghlaimeora agus inniúlacht foghlama a thomhas, mar acmhainní atá tábhachtach do mhúinteoirí.

Leag breis agus 62% de na rannpháirtithe béim ar an tábhacht a bhaineann le bonneagar fisiciúil, lena n-áirítear spásanna amuigh faoin aer, chun tacú le foghlaimeoirí scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a fhorbairt. Tugann sé sin le fios go measann go leor freagróirí go bhfuil ról ann chun litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a fhorbairt lasmuigh de na seomraí ranga, dearcadh atá ag tuismitheoirí agus daoine eile freisin mar fhreagairt ar C18.

Thug thart ar 68% de na freagairtí le fios gur príomhchineál tacaíochta é an teicneolaíocht a sholáthar. I bhfianaise an ghá mhéadaithigh atá le litearthacht dhigiteach foghlaimeoirí a fhorbairt, tugadh faoi deara go bhfuil sé tábhachtach an teicneolaíocht is gá a chur ar fáil do scoileanna chun tacú le cleachtais den sórt sin.

Chuir freagróirí roinnt roghanna eile ar fáil freisin a bhain le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí. Áirítear leis sin:

- Tá sé ríthábhachtach bonneagar digiteach láidir a chur chun cinn laistigh de shuíomhanna scoile, rud a chinntíonn rochtain iontaofa ar an idirlíon, crua-earraí leordhóthanacha agus bogearraí slána do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí araon. Ba cheart é sin a chur le hoiliúint chuimsitheach chun úsáid éifeachtach uirlisí digiteacha agus ardán digiteach a chinntiú.
- Ba cheart béim a leagan ar fhorbairt ghairmiúil agus ar mheantóireacht. Áirítear leis sin uasoiliúint múinteoirí i réimsí éagsúla amhail sainaithint disléicse, modheolaíochtaí foghlama bunaithe ar shúgradh lasmuigh agus dioscúrsa gairmiúil comhoibríoch a chur chun feidhme.
- D'fhéadfadh comhoibriú agus líonrú feabhsaithe idir scoileanna a bheith tairbheach. Trí phobail chleachtais a chruthú, d'fhéadfaí acmhainní, taithí agus smaointe a chomhroinnt ar bhealach ní b'fhearr, rud a chothódh cur chuige comhchoiteann maidir le fadhbanna a réiteach agus a fheabhsú.
- Is gá rannpháirtíocht na dtuismitheoirí sa phróiseas foghlama a neartú. D'fhéadfadh cumarsáid agus acmhainní feabhsaithe tuiscint ní b'fhearr ar ionchais churaclaim a éascú agus nasc ní ba láidre idir an baile agus an scoil a chothú, rud atá ríthábhachtach do rath an fhoghlaimeora.
- Tá sé ríthábhachtach béim a leagan ar thimpeallachtaí foghlama a shaibhriú, lena n-áirítear níos mó spásanna foghlama lasmuigh, agus cláir foghlama spraoibhunaithe mhaoinithe.

C21 Conas is féidir linn leanúint d'fheabhas a chur ar scileanna cheannaireacht FCLÓ/ceannaireachta scoileanna maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach?

Fuarthas 289 freagairt ar an gceist sin Bhí éagsúlacht shuntasach i bhfad na bhfreagairtí agus sna moltaí a cuireadh ar fáil. Cuirtear ar fáil achoimre ardleibhéil ar na topaicí ba mhó a bhí i measc na bhfreagairtí go léir, agus nuair is cuí, barúlacha nó sonraí breise:

Forbairt agus Oiliúint Ghairmiúil: Rinne freagróirí tagairt don ghá atá le forbairt ghairmiúil, agus ceardlanna chun feabhas a chur ar scileanna cheannaireacht FCLÓ/ceannaireachta scoile i ndáil le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach. Iarradh go dtabharfaí cabhair phraiticiúil do cheannairí FCLÓ/scoile chun an straitéis a chur chun feidhme agus, nuair is féidir, chun dea-chleachtais a roinnt maidir le cur chuige cur chun feidhme uile-shuímh/uile-scoile. Tá gá ar leith le forbairt ghairmiúil a chur ar fáil i ndáil leis an litearthacht dhigiteach, ós

rud é gur minic a bhíonn míthuiscint ann ar an téarma atá measctha suas le réimse níos leithne an oideachais dhigitigh.

Leithdháileadh Acmhainní: Dhírigh go leor freagairtí ar an ngá atá le maoiniú leordhóthanach, tacaíocht riaracháin a sholáthar agus bonneagar fisiciúil chun teagasc agus foghlaim éifeachtach a éascú.

Forbairt an Churaclaim: Bhí moltaí ann maidir lena chinntiú go bhfuil an litearthacht leabaithe ar fud an churaclaim ar fad agus nach gcaitear léi mar shaincheist neamhspleách. Tá tacaíocht de dhíth ar cheannairí scoile maidir le conas is féidir leo litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a fhorbairt ar gach leibhéal agus conas is féidir é sin a dhéanamh laistigh de na sonraíochtaí curaclaim atá acu cheana féin.

Cuimsitheacht agus Riachtanais Speisialta: Chuir freagróirí in iúl go mbeadh straitéis cur chun feidhme dhifreáilte ag teastáil ón straitéis, ina soláthraítear tacaíochtaí spriocdhírithe do ghrúpaí áirithe foghlaimeoirí, amhail leanaí i scoileanna nó i gceantair CDSISI (DEIS), leanaí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu agus leanaí sárchumasacha. Dá bhrí sin, tá tacaíocht de dhíth ar fhoirne ceannaireachta chun pleananna áitiúla a fhorbairt dá gcomhthéacs, ionas go mbeidh gach foghlaimeoir san áireamh.

Comhoibriú agus Piarfhoghlaim: Bhí glaonna forleathana ann chun spásanna agus áiteanna a chruthú inar féidir leis an bhfoireann go léir, ach go háirithe iad siúd a bhfuil baint acu le róil cheannaireachta, bualadh le chéile agus a gcleachtais a roinnt lena bpiaraí. Ní mór imeachtaí den sórt sin a eagrú agus ní mór d'eagraíochtaí seachtracha idirghabháil a dhéanamh orthu ó am go chéile, amhail na seirbhísí tacaíochta, ionaid oideachais nó eagraíochtaí eile.

Fócas ar Shúgradh agus ar Thaiscéalaíocht: Leag freagróirí béim ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim faoi stiúir leanaí, maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach agus foghlaim atá bunaithe ar shúgradh, go háirithe i suíomhanna FCLÓ. Leag siad siúd i suíomhanna scoile béim freisin ar an luach a bhaineann le cuir chuige ghníomhacha teagaisc, foghlama agus measúnaithe don litearthacht, don uimhearthacht agus don litearthacht dhigiteach agus ar an ngá atá le tacaíocht phraiticiúil chun cuir chuige den sórt sin a chur chun feidhme lena bhfoghlaimeoirí.

Curaclam agus Foghlaim

C22 Cad iad na gnéithe de na curaclaim ar leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, agus/nó cad iad na gnéithe de chreatchuraclam na luath-óige, dar leat, a chuidigh le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach foghlaimeoirí a fheabhsú?

Fuarthas 286 freagairt (286) ar an gceist sin. Mar a bheifí ag súil leis, rinne daoine a oibríonn i suíomhanna FCLÓ agus i mbunscoileanna íochtaracha tagairt do thábhacht Síolta, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige, agus Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige do gach leanbh in Éirinn ó bhreith go 6 bliana d'aois. Thagair siad siúd sa bhunoideachas go sonrach do thábhacht Churaclam Teanga na Bunscoile, Thagair an earnáil iar-bhunscoile don ról a bhí ag na Measúnuithe Rangbhunaithe maidir le scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a chomhtháthú in ullmhú agus i gcruthú na ndéantán sin.

Bhí freagairtí éagsúla ann ó thaobh mionsonraí de agus ó thaobh cén earnáil a ndearna siad ionadaíocht uirthi. Tá achoimre ardleibhéil ar na príomhthéamaí ar fáil thíos.

Modhanna agus Straitéisí Teagaisc: Leag na tagairtí d'Aistear béim ar na buntáistí a bhaineann le cuir chuige foghlama gníomhaí agus go háirithe foghlaim trí shúgradh. Tharraing daoine eile aird ar na buntáistí a bhaineann le cuir chuige dhialógacha/chumarsáide a chuir úsáid na teanga labhartha chun cinn.

Cuimsiú agus Éagsúlacht: Luaigh freagróirí cláir shonracha, amhail Breith ar an Léitheoireacht, ar idirghabháil luathlitearthachta í, atá ceaptha lena úsáid go gearrthéarmach i scoileanna. Arís eile, rinne freagróirí tagairt don tábhacht a bhaineann le cur chuige cuimsitheach a ghlacadh i leith na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití agus leag siad béim ar chláir shonracha nó ar chuir chuige shonracha a bhí ábhartha do chohóirt éagsúla foghlaimeoirí.

Litearthacht Dhigiteach agus TFC: Is minic gurbh ionann tagairtí ó fhreagróirí agus rochtain ar TFC agus úsáid TFC agus forbairt na litearthachta digití. Bhraith go leor daoine gur chuidigh an infheistíocht in TFC le blianta beaga anuas le litearthacht dhigiteach a fhorbairt i measc foghlaimeoirí, go háirithe i suíomhanna scoile.

Tacaíocht do Mhúinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil: Rinne na freagróirí tagairt do réimse tacaíochtaí a raibh baill foirne, go háirithe i scoileanna, in ann rochtain a fháil orthu óna seirbhísí

tacaíochta ábhartha. Leagadh béim go háirithe ar na tacaíochtaí a chuireann SFGM agus SSM ar fáil.

C23 An bhfuil aon athruithe nó breiseanna ann a chuirfeadh tuilleadh feabhais ar na curaclaim ar an mbunscoil nó ar an iar-bhunscoil agus/nó ar chreatchuraclam na luath-óige?

Sainaithníodh téamaí coitianta ó fhreagairtí a fuarthas ar an gceist sin ó 267 freagróir.

Ábhar an Churaclaim: I measc na dtuairimí ar an gcuraclam bhí ró-ualach curaclaim, an gá atá le níos lú béime ar théacsleabhair agus níos mó ar chomhthéacsanna foghlama fíorshaoil don litearthacht, don uimhearthacht agus don litearthacht dhigiteach. Shainaithin freagróirí an gá atá le dóthain ama a leithdháileadh don litearthacht, don uimhearthacht agus don litearthacht dhigiteach sna curaclaim atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, Luaigh daoine eile go bhfuil Creat Aistear an-éifeachtach go sonrach maidir leis an Uimhearthacht. Tugadh faoi deara freisin gur cheart litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a leabú ar fud an churaclaim, agus ar an gcaoi sin níos mó cur chuige traschuraclaim a mholadh ina raibh na scileanna leabaithe i ngach ábhar. Ar leibhéal na hiar-bhunscoile, thug rannpháirtithe faoi deara gur forbairt dhearfach a bhí i dtabhairt isteach na Measúnuithe Rangbhunaithe, agus gur chóir go mbeadh luach ní ba mhó acu, do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí araon. Ar deireadh, mhol na rannpháirtithe go bhfuil gá le nasc níos mó idir na curaclaim in FCLÓ agus sa bhunscoil agus idir an bhunscoil uachtarach agus an iar-bhunscoil íochtarach.

Modhanna Teagaisc: Agus iad ag teacht leis na moltaí a rinneadh roimhe seo, mhol na freagróirí gur cheart díriú ní ba mhó ar straitéisí foghlama gníomhaí ar fud na bunscoile agus na hiar-bhunscoile i ndáil le forbairt na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití. Mhol daoine eile go raibh róspleáchas fós ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair i scoileanna agus go raibh sé tráthúil athbhreithniú a dhéanamh ar na cuir chuige theagaisc atá ann cheana i gcomhthéacs na straitéise nua seo.

Leithdháileadh Acmhainní: Bhí raon tuairimí ann maidir le leithdháileadh acmhainní lena n-áirítear an gá le raon spásanna foghlama a mhaoiniú, go háirithe in FCLÓ agus i mbunscoileanna íochtaracha, áit ar féidir le leanaí súgradh agus a scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a fhorbairt. Iarradh freisin go mbeadh baill foirne bhreise ann (i.e. cúntóirí seomra ranga) chun cur ar chumas suíomhanna FCLÓ agus scoile oideachas atá níos dírithe ar an bhfoghlaimeoir a chur ar fáil sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach.

Measúnú agus Meastóireacht: Rinne líon beag freagróirí tagairt do cheist an mheasúnaithe agus go háirithe bhí siad ag iarraidh forbairt ghairmiúil don fhoireann maidir leis na cleachtais mheasúnaithe chuí chun tacú le foghlaimeoirí a bhféadfaidh deacrachtaí litearthachta agus uimhearthachta a bheith acu ag an aois is luaithe is féidir.

Forbairt Ghairmiúil: Tá gá le réimse eispéireas domhain foghlama gairmiúla, ionas go mbeidh múinteoirí agus oideoirí luathbhlianta muiníneach agus inniúil chun na hinniúlachtaí sin a fhorbairt ina bhfoghlaimeoirí, Cé go bhfuil an iliomad tacaíochtaí i bhfeidhm cheana féin d'earnáil na scoileanna maidir le forbairt ghairmiúil, iarradh go mbeadh tacaíochtaí ní b'éagsúla agus ní ba spriocdhírithe ann don earnáil sin agus d'earnáil FCLÓ, amhail tacaíochtaí ranga, samhaltú dea-chleachtas maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach agus foghlaim ní ba ghníomhaí. Iarradh freisin go gcinnteofaí go mbeadh na hinniúlachtaí riachtanacha ag daoine atá ag dul isteach i ngairm na múinteoireachta chun múineadh i gcóras oideachais ilteangach. Iarradh freisin go dtabharfaí tacaíocht ní ba dhoimhne dóibh siúd go léir atá ag obair i suíomhanna FCLÓ agus i scoileanna maidir leis an Litearthacht Dhigiteach. Tá gá freisin le cuir chuige phraiticiúla maidir le húsáid i suíomhanna faoi seach.

Comhtháthú Teicneolaíochta: Cé nach ionann litearthacht dhigiteach agus an t-oideachas digiteach, mar a tugadh faoi deara cheana, is iomaí éileamh a rinneadh ar thacaíochtaí níos mó maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha, go háirithe i suíomhanna scoile. In ainneoin maoiniú breise don teicneolaíocht le déanaí, tá scoileanna fós ag éileamh tuilleadh maoinithe do ghléasanna agus do chláir, i réimsí amhail códú. Cé gur thug roinnt daoine rabhadh i gcoinne gléasanna digiteacha a úsáid le foghlaimeoirí óga, iarradh go minic go n-úsáidfí gléasanna digiteacha go cuí, i ngach suíomh, agus go gcinnteofaí go raibh baill foirne agus tuismitheoirí soiléir maidir leis an réasúnaíocht a bhaineann le teicneolaíocht dhigiteach a úsáid ar fud an churaclaim.

Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige: Bhí raon leathan moltaí/barúlacha ann maidir le conas creatchuraclam na luath-óige a fheabhsú tuilleadh. Cé gur mhol na rannpháirtithe Aistear, moladh gur cheart breithniú a dhéanamh sa phróiseas nuashonraithe ar shamplaí cleachtais breise etc. agus níos mó béime a chur ar theanga, litearthacht agus uimhearthacht i ngach ceann de na ceithre théama. D'iarr roinnt daoine i scoileanna go ndíreofaí níos lú ar Aistear in oideachas na naíonán agus d'iarr roinnt eile acu go leathnófaí Aistear ar fud na bunscoile. Mar chuid den athbhreithniú, moladh freisin gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na teorainneacha idir FCLÓ agus an bunoideachas maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach, ionas go mbeadh níos mó leanúnachais ann.

Tacú le Foghlaimeoirí Éagsúla

C24 Cad é an tionchar is dearfaí, dar leat, ar fhorbairt litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití na bhfoghlaimeoirí éagsúla le 5 bliana anuas?

Fuarthas 231 freagairt ar an gceist sin agus sainaithníodh na téamaí is coitianta mar aon le cur síos ardleibhéil ar an méid a rinne an tionchar is dearfaí ar fhorbairt na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití le 5 bliana anuas.

Teicneolaíocht agus Acmhainní Digiteacha: Bhí líon mór freagróirí ann a leag béim ar úsáid na teicneolaíochta digití (i.e. ríomhairí glúine, gléasanna táibléid, ardáin ar líne, teicneolaíocht chuimsitheach etc.) agus bhí tionchar dearfach ag acmhainní digiteacha ar líne ar litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach i scoileanna le cúig bliana anuas. Níl sé sin gan choinne sa mhéid is gur cuireadh iallach ar go leor scoileanna na gléasanna sin a úsáid le linn Covid-19 agus thug rannpháirtithe faoi deara gur oibrigh cleachtais amhail cuir chuige foghlama cumaisc (go háirithe úsáid cur chuige seomra ranga thiontaithe) go maith. D'admhaigh freagróirí an tionchar dearfach a bheadh ag cistí breise a bheith le caitheamh ar theicneolaíochtaí digiteacha, tríd an deontas TFC. Go háirithe, cuireadh fáilte roimh an méadú sin ar líon na ngléasanna i scoileanna, toisc gur chuir sé rochtain ar fáil d'fhoghlaimeoirí nach raibh rochtain acu sa bhaile. Thug daoine eile faoi deara go bhfuair siad rochtain ní ba tharraingtí ar acmhainní digiteacha ar líne agus gur bhain siad úsáid as cuid de na hacmhainní sin (i.e. closleabhair, YouTube, gníomhaíochtaí digiteacha) sa bhaile le tacaíocht ó thuismitheoirí.

Treoir Dhifreáilte: Dúirt freagróirí gur éascaigh an teicneolaíocht dhigiteach difreáil ní ba mhó le cúig bliana anuas, toisc gur lig sí do mhúinteoirí ábhair a aimsiú a bhí oiriúnach dá bhfoghlaimeoirí. Bhain daoine eile úsáid as teicneolaíochtaí eile freisin, amhail leabhair agus gníomhaíochtaí clóite, agus cuir chuige, amhail teagasc stáisiúin, chun tacú leis an difreáil ina scoil, agus bhain daoine eile úsáid as raon uirlisí teicneolaíochta (uirisí teanga go téacs agus a mhalairt) chun eispéiris foghlama níos cuimsithí a dhearadh agus chun deiseanna méadaithe a thabhairt d'fhoghlaimeoirí páirt a ghlacadh ar a luas (i.e., acmhainní digiteacha a chur ar fáil roimh ré nó le linn ranga d'fhoghlaimeoirí). Cé gur thug daoine eile faoi deara go bhfuil easpa tacaíochtaí fós ann d'fhoghlaimeoirí tréitheacha agus cumasacha agus go bhfuil gá le tuilleadh tacaíochtaí sa réimse sin, ionas gur féidir le múinteoirí agus daoine eile eispéiris foghlama dhifreáilte a dhearadh sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach.

Tugadh faoi deara go raibh gluaiseacht ghinearálta ann ó na cuir chuige chéanna do chách go cuir chuige atá níos dírithe ar an bhfoghlaimeoir.

Cláir Churaclaim agus Oideachais: D'admhaigh freagróirí go raibh tionchar dearfach ag an straitéis litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití atá ann cheana féin le cúig bliana anuas, chomh maith le forbairtí curaclaim amhail Aistear, Curaclam Nua na Bunscoile agus curaclam nua na Sraithe Sóisearaí. Thug roinnt eile acu faoi deara go raibh sé an-chabhrach am breise a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí áirithe agus mar chuir chuige teagaisc grúpa níos lú. D'ainmnigh rannpháirtithe raon tacaíochtaí amhail iad siúd a chuir Tús Níos Fearr ar fáil mar thacaíocht an-úsáideach. Ina theannta sin, mhol na rannpháirtithe an obair a rinne oideoirí luathbhlianta, múinteoirí agus cigirí chun cuir chuige litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a chur chun cinn le cúig bliana anuas.

Tacaíocht agus Acmhainní: Leag réimse rannpháirtithe béim ar an tionchar a bhí ag tacaíochtaí breise, ó thaobh pearsanra agus acmhainní breise de, ar litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach le blianta beaga anuas. Go háirithe, tá na tacaíochtaí a chuireann Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna), baill foirne tacaíochta atá fostaithe faoi AIM agus baill foirne eile ar fáil thar a bheith luachmhar. Ina theannta sin, bhí tionchar fabhrach ag tacaíocht ó Mhúinteoirí Oideachais Speisialta (MOS), ón bhFoireann Tacaíochta Foghlama níos leithne agus ó fhoirne luath-idirghabhála ar leibhéil litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití. Mhol siad siúd i scoileanna CDSISI (DEIS) na tacaíochtaí breise (i.e. Pleananna Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí) a fuair siad a chumasaíonn níos mó teagasc foirne agus níos lú aistarraingtí ón bpríomhtheagasc. Cuireann na tacaíochtaí agus na hacmhainní breise sin ar chumas shuíomhanna FCLÓ agus scoileanna tacaíochtaí níos doimhne a chur ar fáil atá dírithe ar riachtanais foghlaimeoirí aonair.

`Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus an Phobail: Leag daoine eile béim ar an ról atá ag tuismitheoirí agus ag an bpobal i gcoitinne maidir le tacú le forbairt na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití. Thug cuid acu faoi deara go raibh ionchur na dtuismitheoirí an-tábhachtach, chomh maith le tionchar na leabharlann agus na n-áiseanna, mar shampla an club bricfeasta, agus rochtain ar acmhainní saor in aisce ar líne do thuismitheoirí.

Réimsí eile: Luaigh daoine eile gur cheart do chuir chuige foghlama gníomhaí, nuair is féidir, a bheith mar bhonn faoi chuir chuige litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití, agus luaigh daoine eile gur suíomhanna an-éagsúil iad ár suíomhanna do FCLÓ agus ár seomraí ranga scoile anois mar thoradh ar inimirce. Is díol sásaimh é sin agus déanfar é a cheiliúradh in aon straitéis nua litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití.

C25 Conas is féidir tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhoghlaimeoirí éagsúla i scoileanna/suíomhanna FCLÓ chun a n-acmhainneacht sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach a bhaint amach?

Fuarthas 243 freagairt ar an gceist sin agus sainaithníodh na téamaí is coitianta agus cuireadh cur síos ardleibhéil ar fáil ar conas is féidir tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhoghlaimeoirí éagsúla i scoileanna/suíomhanna FCLÓ chun a n-acmhainneacht sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach a bhaint amach.

Leithdháileadh Acmhainní: D'iarr freagróirí go méadófaí leithdháileadh acmhainní, agus cumhdaíodh leis sin raon réimsí lena n-áirítear: tuilleadh pearsanra, tuilleadh ábhar chun tacú le foghlaimeoirí agus rochtain níos fearr ar theicneolaíocht speisialaithe agus ar acmhainní seachtracha. D'iarr go leor freagróirí go laghdófaí méideanna ranga, go háirithe d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu, agus go méadófaí líon na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) agus na Múinteoirí Oideachais Speisialta (MOSanna) i scoileanna. Cé gur iarr daoine eile acmhainní ní ba dhifreáilte (e.g., raon ábhar éisteachta, cinéistéiseach, amhairc, briathartha agus loighciúil) chun tacú le gníomhaíochtaí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití i suíomhanna FCLÓ agus i scoileanna. D'iarr roinnt eile go mbeadh níos mó rochtana ar an teicneolaíocht dhigiteach (tugaimid aghaidh air sin ar leithligh thíos) agus go gcuirfí rochtain ní b'fhearr ar leabharlanna ar fáil, laistigh agus lasmuigh den scoil araon.

Forbairt Ghairmiúil: Luadh arís eile go raibh tábhacht le rochtain mhéadaithe ar oiliúint múinteoirí agus ar dheiseanna forbartha gairmiúla do mhúinteoirí agus bhí freagróirí ag iarraidh tacaíochtaí ní ba speisialaithe i réimsí ar nós disléicse, diosgraife agus dioscalcúile. D'iarr freagróirí go mbeadh níos mó ama ann chun uasoiliúint a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr chun tacú leis an litearthacht, leis an uimhearthacht agus leis an litearthacht dhigiteach i scoileanna, agus chun rochtain a fháil ar raon tacaíochtaí praiticiúla (agus cruthaithe). Thug cuid acu faoi deara gur gá gurbh fhearr a bheadh scoileanna ullmhaithe chun Béarla a mhúineadh mar dhara teanga, ag tabhairt faoi deara go bhfuil foghlaimeoirí ag go leor scoileanna anois nach é an Béarla a gcéad teanga, agus go bhfuil tacaíochtaí níos fearr de dhíth orthu féin agus ar a dteaghlaigh.

Cuir Chuige Foghlama Aonair: Mhol na freagróirí go gciallaíonn tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí éagsúla nach n-oibríonn cur chuige amháin do chách i leith na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití agus go bhfuil gá le cineálacha cur chuige níos pearsantaithe, i gcás inar féidir. Rinneadh moltaí chun tús áite a thabhairt d'úsáid Pleananna

Oideachais don Dalta Aonair (PODAnna), i gcás ina raibh sé sin oiriúnach agus chun úsáid a bhaint as raon cur chuige teagaisc lena n-áirítear comhtheagasc chun tacú le foghlaimeoirí a raibh cuir chuige foghlama ní ba phearsantaithe ag teastáil uathu.

Tacaíocht Theicniúil: Rinne freagróirí tagairt don ról a bhí agus a d'fhéadfadh a bheith ag an teicneolaíocht dhigiteach maidir le freastal ar riachtanais foghlaimeoirí éagsúla i scoileanna. Áiríodh leis sin rochtain a sholáthar ar ghléasanna foghlama pearsantaithe (i.e. gléas táibléid nó ríomhaire glúine) ionas gur féidir le foghlaimeoirí páirt níos iomláine a ghlacadh ina gcuid oideachais. Tugadh faoi deara gur chuir an teicneolaíocht dhigiteach ar chumas foghlaimeoirí rochtain a fháil ar a saothar agus é a chur i láthair ar bhealaí éagsúla (e.g. ag úsáid fuaime, grafaicí, físeáin etc.). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an teicneolaíocht tacú le cineálacha teagaisc, foghlama agus measúnaithe ní ba chuimsithí d'fhoghlaimeoirí éagsúla, nuair a thugtar tacaíocht chuí do mhúinteoirí trí oiliúint agus trí thacaíocht theicniúil.

Tacaíocht Chéadfach agus Riachtanas Speisialta: Iarradh tacaíochtaí níos speisialaithe d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu. Áiríodh leis sin rochtain níos fearr ar shúgradh céadfach, spásanna céadfacha agus uirlisí sonracha chun tacú le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu. D'iarr cuid eile acu go mbeadh níos mó pearsanra agus ama ann, agus d'iarr cuid eile acu go mbeadh rochtain ní b'fhearr ar oiliúint speisialaithe agus ar thacaíocht leanúnach do sheirbhísí.

C26 Conas is féidir tacaíocht níos fearr a thabhairt do thuismitheoirí agus do theaghlaigh foghlaimeoirí éagsúla chun forbairt uimhearthachta, litearthachta agus litearthachta digití a linbh a chur chun cinn.

Fuarthas 243 freagairt ar an gceist sin agus arís sainaithníodh na téamaí is coitianta agus cuireadh cur síos ardleibhéil ar fáil ar conas is féidir tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhoghlaimeoirí éagsúla i suíomhanna FCLÓ/scoileanna chun a n-acmhainneacht a bhaint amach sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach.

Rannpháirtíocht agus Feasacht Tuismitheoirí: Luadh i bhformhór mór na bhfreagairtí go sonrach an gá atá le fócas níos mó fós a chur ar thuismitheoirí a bheith rannpháirteach sa straitéis nua seo. Thug cuid acu faoi deara gurb iad tuismitheoirí príomhoideoir a leanaí agus mhol siad go bhfuil gá le raon oiliúna agus tacaíochtaí a chur ar fáil chun cabhrú leo scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a fhorbairt. D'fhéadfadh imeachtaí faisnéise, ar líne nó i bpearsa, ceardlanna praiticiúla, rochtain ar acmhainní clóite agus ar líne (i.e. físeáin etc.) a bheith i gceist leo sin. Mhol daoine eile go bhfuil an clár Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail ríthábhachtach sa réimse sin i scoileanna CDSISI (DEIS) agus go

bhféadfaí tuilleadh oiliúna, maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach, a chur san áireamh amach anseo. Tacaíochtaí eile, amhail cláir Litearthachta Teaghlaigh, mar aon le feachtais chumarsáide spriocdhírithe atá dírithe ar ról a thabhairt do thuismitheoirí i bhforbairt scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a leanaí. Ba chóir go dtarlódh sé sin ó thús deireadh a dturas scoile.

Litearthacht Dhigiteach: Luaigh freagróirí go bhféadfadh ról a bheith ag acmhainní digiteacha (i.e. físeáin, gníomhaíochtaí, etc.) maidir le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus go mbeadh oiliúint ag teastáil ó roinnt tuismitheoirí maidir le conas rochtain a fháil ar na hábhair sin agus iad a úsáid lena leanaí (i.e., d'fhéadfadh físeáin aonuaire go cúrsaí go hiomlán ar líne a bheith ann). Mhol daoine eile gur cheart rochtain a bheith ag tuismitheoirí, chomh maith lena leanaí, ar chláir litearthachta digití ionas go mbeidh siad ar an eolas faoi uirlisí digiteacha a úsáid chun tacú le hoideachas a leanaí agus muiníneach as sin.

Tacaíocht agus Seirbhísí Speisialaithe: Léiríodh an tsaincheist maidir le raon tacaíochta agus seirbhísí speisialaithe a chur ar fáil i suíomhanna FCLÓ agus i scoileanna i dtráchtanna iomadúla. Luaigh roinnt freagróirí gur cheart measúnú ní ba thráthúla a dhéanamh ar riachtanais, go háirithe maidir le tacaíochtaí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití agus gur gá am a leithdháileadh ar an bhfoireann chun an obair sin a dhéanamh (thug duine amháin faoi deara na seirbhísí a sholáthraíonn ADHD Ireland ach chuir siad i bhfáth go dteastaíonn am ó mhúinteoirí chun iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí den sórt sin). Arís eile, d'iarr roinnt freagróirí go méadófaí an soláthar foirne chun tacú le cleachtais litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití i scoileanna ionas go bhfreastalófar ar bhealach níos fearr ar riachtanais foghlaimeoirí éagsúla. Ba cheart cur chuige bunaithe ar láidreachtaí a ghlacadh i gcónaí seachas samhail easnaimh.

Tacaíocht Phobail agus Áitiúil: Tugadh chun suntais i raon tuairimí go bhfuil ról ag pobail freisin maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a gcónaitheoirí a fhorbairt agus go bhfuil gá le cineálacha cur chuige ar fud an phobail. D'fhéadfadh cúrsaí do thuismitheoirí a bheith i gceist chun tacú le cleachtais litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití sa bhaile agus le cláir for-rochtana ó leabharlanna agus ó eagraíochtaí eile. Dá bhrí sin, iarradh cur chuige ar fud an phobail, lena n-áirítear suíomhanna FCLÓ agus scoileanna, chun tacú le forbairt litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití do chách.

C27 Conas is féidir tacaíocht níos fearr a thabhairt do scoileanna/do shuíomhanna FCLÓ chun forbairt litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití foghlaimeoirí éagsúla a chur chun cinn?

Fuarthas 216 freagairt ar an gceist sin agus arís sainaithníodh na téamaí is coitianta agus cuireadh cur síos ardleibhéil ar fáil ar an gcaoi a gcreideann freagróirí gur féidir tacaíocht níos fearr a thabhairt do shuíomhanna FCLÓ/scoileanna chun litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach foghlaimeoirí éagsúla a chur chun cinn. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur bhraith cuid gur freagraíodh an cheist sin cheana féin, toisc go raibh an chuma uirthi go raibh sí an-chosúil le ceisteanna ní ba luaithe.

Faisnéis agus Líonrú: Mhol roinnt freagróirí go bhféadfadh suíomhanna FCLÓ agus scoileanna tairbhe a bhaint as rochtain ní b'fhearr ar fhaisnéis agus ar dheiseanna líonraithe chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus gur cheart gníomhaíochtaí den sórt sin a mhaoiniú.

Measúnú agus Faireachán: Iarradh arís go ndéanfaí riachtanais foghlama éagsúla a shainaithint agus faireachán ní b'fhearr orthu, lena n-áirítear measúnuithe speisialaithe a úsáid agus ba cheart iad sin a dhéanamh go tráthúil.

Ar an iomlán, léiríodh san anailís a rinneadh ar an gceist sin go bhfuil gá le cur chuige ilghnéitheach chun tacaíocht níos fearr a thabhairt don litearthacht, don uimhearthacht agus don litearthacht dhigiteach i suíomhanna FCLÓ agus i scoileanna. I measc na bpríomhréimsí fócais tá maoiniú a mhéadú, forbairt ghairmiúil, leanúnachas curaclaim, comhroinnt faisnéise, soláthar foirne agus modhanna measúnaithe.

C28 Maidir le Tacaíocht a thabhairt d'Fhoghlaimeoirí Éagsúla, an bhfuil aon rud eile ba mhaith leat a fheiceáil san áireamh i straitéis nua don litearthacht, don uimhearthacht agus don litearthacht dhigiteach?

Fuarthas 167 freagairt ar an gceist sin. Sainaithníodh na téamaí is coitianta agus cuireadh cur síos ardleibhéil ar fáil ar cad ba cheart a chur san áireamh, dar le daoine, sa straitéis nua litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití.

Leithdháileadh Acmhainní: Ba é an t-iarratas ba choitianta ó fhreagróirí ná leithdháileadh acmhainní níos mó agus áiríodh leis sin cúntóirí teagaisc breise agus sainphearsanra eile a sholáthar, teicneolaíocht dhigiteach agus leithdháiltí ama méadaithe d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais foghlama bhreise acu. Iarradh freisin go gcuirfí acmhainní feabhsaithe ar fáil chun

tacú leis an litearthacht, leis an uimhearthacht agus leis an litearthacht dhigiteach, mar a tugadh faoi deara roimhe seo, agus níor cheart iad sin a theorannú d'fhorbairt chognaíoch amháin ach ba cheart folláine an fhoghlaimeora agus tacaíocht mhothúchánach a áireamh leo freisin. Ba mhaith leis na freagróirí go gcuirfí tacar iomlánaíoch acmhainní ar fáil chun tacú le cur chun feidhme na straitéise.

Cuir Chuige Oideolaíocha: Iarradh go mbeadh cuir chuige éagsúla oideolaíocha ní ba dhírithe ann, amhail fócas méadaithe ar fhoghlaim teanga bhéil, agus straitéisí oideolaíocha níos gníomhaí, amhail foghlaim bunaithe ar fhiosrú, laistigh agus lasmuigh de shuíomhanna foghlama foirmiúla (i.e. súgradh lasmuigh, ionaid ealaíon etc.). Ina theannta sin, iarradh go mbeadh ról ní ba mhó ag tuismitheoirí in oideachas a leanaí i gcoitinne.

Forbairt Ghairmiúil: Ní nach ionadh d'iarr go leor freagróirí go méadófaí forbairt ghairmiúil do bhaill foirne atá ag obair i suíomhanna FCLÓ agus i scoileanna. Áiríodh leis an bhforbairt sin raon ó fheasacht ghinearálta ar chuir chuige fhianaise-bhunaithe go tacú le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach go sainoiliúint a dhírigh ar réimsí ar leith, amhail fónaic, nó ar chláir shonracha atá in úsáid cheana féin i suíomhanna FCLÓ agus i scoileanna.

Teicneolaíocht agus Litearthacht Dhigiteach: Mhol freagróirí gur féidir leis an teicneolaíocht dhigiteach ról a imirt chun tacú le foghlaimeoirí éagsúla agus gur gá a chinntiú, i gcás inarb iomchuí, gur féidir le foghlaimeoirí rochtain a fháil ar na huirlisí sin agus iad a úsáid chun tacú lena scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a fhorbairt. Ina theannta sin, aithnítear go forleathan go bhfuil litearthacht dhigiteach tábhachtach agus gur gá fócas níos mó uirthi sa straitéis atá le teacht, ó thaobh soiléiriú a dhéanamh ar a bhfuil i gceist léi, ar a ról agus ar a feidhm agus ar an gcaoi ar féidir í a fhorbairt ó shuíomhanna FCLÓ go dtí an tSraith Shinsearach.

Measúnú agus Meastóireacht

C29 Conas is fearr is féidir leis an measúnú tacú le feabhsuithe ar chleachtais litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití?

Fuarthas 192 freagairt ar an gceist sin agus sainaithníodh na téamaí is coitianta agus cuireadh cur síos ardleibhéil ar fáil ar conas is féidir leis an measúnú is fearr tacú le feabhsuithe ar chleachtais litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití.

Díriú ar Thacaíocht Aonair: Luaigh freagróirí an úsáid fhiúntach a bhaintear as raon leathan measúnuithe chun tacú le foghlaimeoirí a scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a fhorbairt i scoileanna. Thug siad faoi deara go bhfuil sé tábhachtach measúnuithe cuí a úsáid i scoileanna chun aon riachtanais foghlama a dhiagnóisiú, go háirithe maidir le Litearthacht agus Uimhearthacht, ag an aois is luaithe is féidir agus ansin na sonraí sin a úsáid chun idirghabhálacha cuí a threorú. Ba cheart go n-aithneofaí i measúnuithe den sórt sin cá bhfuil foghlaimeoir agus cad iad na réimsí a dteastaíonn tuilleadh tacaíochta nó forbairtí uathu.

Measúnú Iomlánaíoch: Mheas roinnt freagróirí go bhféadfadh úsáid tacair ní ba leithne measúnuithe (i.e. meascán de mheasúnuithe múnlaitheacha agus suimitheacha) tacú le feabhsuithe sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach i scoileanna. Ba cheart go dtacódh na sonraí sin a bhailítear trí na measúnuithe sin leis an bhfoireann páirt a ghlacadh i gcleachtas machnamhach mar fhoireann agus cinntí eolasacha a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr chun tacú lena bhfoghlaimeoirí. Luaigh daoine eile gur gá na sonraí sin a úsáid chun idirghabhálacha agus tacaíochtaí a chur in oiriúint do gach foghlaimeoir, agus luaigh siad foghlaimeoirí cumasacha go sonrach.

Tástáil Chaighdeánaithe: Luaigh roinnt freagróirí gur féidir le trialacha caighdeánaithe, nuair a úsáidtear iad go cuí, tacú le foghlaimeoirí, d'iarr freagróirí eile go laghdófaí an úsáid a bhaintear as trialacha den sórt sin faoi láthair.

Forbairt Ghairmiúil Múinteoirí agus Acmhainní: D'fhonn a chinntiú go dtacaíonn an measúnú le feabhsuithe sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach d'fhoghlaimeoirí, iarradh go méadófaí an fhorbairt ghairmiúil agus an tacaíocht do mhúinteoirí maidir le measúnuithe a úsáid agus a dhearadh. Luaigh cuid acu go bhfuil líon na dteicneolaíochtaí measúnaithe atá ar fáil ag dul i méid i gcónaí agus go bhfuil gá le forbairt ghairmiúil rialta maidir le conas na huirlisí sin a úsáid ar bhealaí tráthúla agus iomchuí. I ndáil

leis sin, luaigh roinnt freagróirí go bhfuil sé d'acmhainn ag teicneolaíochtaí digiteacha sonraí a bhailiú níos tapúla agus tacú le cinnteoireacht níos fearr ag múinteoirí.

C30 An bhfuil modhanna measúnaithe agus/nó meastóireachta eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun faireachán níos éifeachtaí a dhéanamh ar dhul chun cinn na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití (ar leibhéal na scoile/FCLÓ agus/nó ar an leibhéal náisiúnta)?

Fuarthas 157 freagairt ar an gceist sin agus sainaithníodh na téamaí is coitianta agus cuireadh cur síos ardleibhéil ar fáil ar mhodhanna measúnaithe agus/nó meastóireachta eile a d'fhéadfaí a úsáid chun faireachán níos éifeachtaí a dhéanamh ar dhul chun cinn na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití ar leibhéal na scoile/FCLÓ agus/nó ar an leibhéal náisiúnta.

Measúnuithe bunaithe ar Theicneolaíocht: Cuimsíonn an chatagóir sin freagairtí a thacaíonn le comhtháthú na teicneolaíochta sa phróiseas measúnaithe scoile. Luaigh freagróirí an úsáid a bhaintear as uirlisí measúnaithe ar líne, as an intleacht shaorga agus as ardáin ilmheán mar bhealaí nuálacha chun dul chun cinn an fhoghlaimeora a mheas, agus luaigh freagróirí eile acmhainneacht na bpasanna digiteacha i scoileanna. Cuireadh béim láidir ar mheasúnuithe bunaithe ar theicneolaíocht a sholáthair aiseolas fíor-ama agus a bhí inoiriúnaithe do stíleanna foghlama aonair.

Barúlacha agus Meastóireachtaí Múinteoirí: Leag daoine eile béim ar an tábhacht a bhaineann le meastóireachtaí agus barúlacha faoi stiúir múinteoirí mar mhodh iontaofa le haghaidh measúnaithe. Creideann roinnt freagróirí gur féidir le múinteoirí, a bhfuil dlúthbhaint acu le foghlaimeoirí, meastóireachtaí caolchúiseacha agus comhthéacs-shonracha a sholáthar a d'fhéadfadh trialacha caighdeánaithe a chailleadh. Meastar go bhfuil straitéisí breathnaitheacha an-chumhachtach chun scileanna boga agus raon cleachtas iompraíochta a ghabháil.

Cuir Chuige Iomlánaíocha agus Leanbhlárnacha: Arís eile, bhí go leor éileamh ann ar chur chuige ní b'iomlánaíche i leith measúnaithe i scoileanna, ionas go mbeidh fócas níos mó ar an leanbh ar fad, seachas díreach ar fheidhmíocht acadúil. Áiríodh leis na moltaí uirlisí féinmheasúnaithe a úsáid agus ról a thabhairt do leanaí/do dhaoine óga sa phróiseas meastóireachta chun é a dhéanamh níos idirghníomhaí agus an imní a bhaineann leis a laghdú. Leag daoine eile béim ar an ngá atá le próisis mheasúnaithe a úsáid atá níos cuimsithí agus níos sábháilte ó thaobh na síceolaíochta de do na leanaí/daoine óga.

Measúnuithe Caighdeánaithe agus Náisiúnta: D'iarr roinnt freagróirí go dtabharfaí isteach trialacha caighdeánaithe ar an dara leibhéal agus go n-úsáidfí measúnuithe ní ba normálta go náisiúnta sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach, ionas gur féidir foghlaimeoirí a chur i gcomparáid lena bpiaraí. Mhol daoine eile go bhfuil sé riachtanach measúnuithe caighdeánaithe a úsáid chun caighdeáin oideachais chomhsheasmhacha a choimeád ar fud na scoileanna.

Measúnuithe Tionscadalbhunaithe agus Modúlacha: Cosúil le freagairtí roimhe seo, iarradh go mbeadh cuir chuige theagaisc agus mheasúnaithe ní ba ghníomhaí ann i scoileanna, amhail foghlaim thionscadalbhunaithe agus measúnuithe, atá nasctha le modúil shonracha nó le haonaid oibre shonracha. Chreid freagróirí go bhféadfadh cineálacha cur chuige den sórt sin tacú le tuiscint níos praiticiúla agus níos feidhmiúla ar ábhair, agus ar an gcaoi sin tomhas níos cruinne a sholáthar ar scileanna agus inniúlachtaí an fhoghlaimeora.

Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus Aiseolas: Leagadh béim arís eile ar ról na dtuismitheoirí sa phróiseas measúnaithe. Áiríodh leis na moltaí barúlacha agus aiseolas ó thuismitheoirí a ghabháil mar shonraí forlíontacha le haghaidh meastóireachtaí, go háirithe le haghaidh foghlaimeoirí óga. D'fhéadfadh sonraí den sórt sin pictiúr níos cuimsithí a chruthú ar chumas agus ar dhúshláin na leanaí, ina suíomh oideachais agus sa bhaile araon.

Tuairimí/barúlacha eile: Cé gur chuir formhór na bhfreagróirí roinnt moltaí ar fáil maidir le modhanna measúnaithe agus/nó meastóireachta eile, bhí roinnt freagróirí ann freisin a chuir in iúl nach raibh siad 'cinnte' nó 'nach raibh a fhios acu' faoi chuir chuige eile. D'fhéadfadh sé sin a thabhairt le fios nach bhfuil freagróirí soiléir faoi na roghanna atá ann agus go bhfuil gá le tuilleadh faisnéise maidir le cuir chuige nua mheasúnaithe agus mheastóireachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin nár luaigh roinnt freagróirí ach scrúduithe náisiúnta, amhail an tSraith Shóisearach, an Ardteistiméireacht agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

C31 Maidir le Measúnú agus Meastóireacht, cad eile ba mhaith leat a bheith san áireamh i straitéis nua don litearthacht, don uimhearthacht agus don litearthacht dhigiteach?

Fuarthas 156 freagairt ar an gceist sin agus sainaithníodh na téamaí is coitianta agus cuireadh cur síos ardleibhéil ar fáil ar an méid eile ar mhaith le freagróirí a bheith san áireamh maidir le measúnú agus meastóireacht sa straitéis nua don litearthacht, don uimhearthacht agus don litearthacht dhigiteach.

Comhtháthú Teicneolaíochta: Leag freagairtí sa chatagóir sin béim ar an ngá atá le teicneolaíocht a chomhtháthú i modhanna measúnaithe agus meastóireachta i scoileanna. Bhí raon leathan moltaí ann lena n-áirítear úsáid IS, uirlisí digiteacha, punanna digiteacha agus measúnuithe ar líne (luadh roinnt táirgí tráchtála) chun tacú le measúnú agus meastóireacht litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití. Iarradh freisin go n-úsáidfí níos mó teicneolaíochta i scoileanna agus go bhforbrófaí measúnuithe iomchuí chun measúnú a dhéanamh ar leibhéil na litearthachta digití

Tacaíocht agus Oiliúint Múinteoirí: Iarradh go leor tacaíochtaí gairmiúla breise chun cuir chuige mheasúnuithe agus uirlisí a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach. Iarradh rochtain ar acmhainní ábhartha a chur ar fáil don fhoireann agus aitheantas a thabhairt dá n-iarrachtaí.

Modhanna Measúnaithe Iomlánaíocha agus Éagsúla: Iarradh arís eile go mbeadh réimse ní ba leithne modhanna measúnaithe ann lena n-áirítear measúnuithe béil, amhairc, praiticiúla agus leanúnacha. Iarradh níos lú béime ar scrúduithe stáit agus ar úsáid trialacha caighdeánaithe i mbunscoileanna. Mhol daoine eile gur cheart do scoileanna úsáid a bhaint as raon éagsúil cur chuige measúnaithe, ar cheart Measúnú chun Foghlama a bheith san áireamh ann, agus iarradh freisin go mbeadh treoirlínte measúnaithe ní ba shoiléire ann, agus teimpléid chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na scoileanna.

Leithdháileadh Acmhainní agus Tacaíocht Thráthúil: Leagadh béim ar an tsaincheist maidir le rochtain thráthúil ar mheasúnuithe síceolaíocha ábhartha a chur ar fáil go tráthúil agus ar an tsaincheist maidir le níos mó ama agus baill foirne a chur ar fáil chun tacaíocht duine le duine a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí, a raibh tacaíocht bhreise ag teastáil uathu.

Litearthacht Dhigiteach

C32 Cad iad na tairbhí atá bainte amach ag gach foghlaimeoir, múinteoirí san áireamh, i scileanna litearthachta digití/uimhearthachta ó bhí an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta dheireanach ann in 2011?

Fuarthas 154 freagairt ar an gceist sin agus sainaithníodh na téamaí is coitianta agus cuireadh cur síos ardleibhéil ar fáil ar an méid atá bainte amach ag gach foghlaimeoir, lena n-áirítear múinteoirí i scileanna litearthachta digití/uimhearthachta ó bhí an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta dheireanach ann in 2011.

Tionchar COVID-19: Leag formhór na bhfreagairtí béim ar ról phaindéim COVID-19 maidir le dlús a chur le scileanna litearthachta digití agus uimhearthachta i measc foghlaimeoirí agus múinteoirí. Leag freagróirí béim ar an maoiniú méadaithe a cuireadh ar fáil do scoileanna, rud a chuir ar a gcumas infheistíocht a dhéanamh i níos mó bonneagar digiteach, rud a d'fhág gur tháinig méadú ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha le linn na tréimhse sin. Chuir daoine eile in iúl go bhfuil múinteoirí níos compordaí anois ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha lena bhfoghlaimeoirí agus go dtuigtear anois gur gá do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí araon a n-inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt.

Rochtain ar Acmhainní: Dúirt freagróirí gur méadaíodh an rochtain ar acmhainní digiteacha agus ar ardáin dhigiteacha, agus gur féidir é sin a nascadh arís le paindéim COVID-19. D'aistrigh scoileanna go háirithe a ngníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe ar líne agus thosaigh siad ag úsáid ardáin dhigiteacha agus acmhainní digiteacha níos mó lena bhfoghlaimeoirí. Cé go n-aithníonn daoine eile na forbairtí a rinneadh, teastaíonn níos mó ama agus acmhainní uathu chun an straitéis a chur chun feidhme go hiomlán.

Forbairt Ghairmiúil: Chuir daoine eile in iúl go bhfuil béim láidir ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí i réimsí na litearthachta agus na huimhearthachta ó bhí an straitéis dheireanach ann. Bhí an infheistíocht sin i ndaoine an-dearfach agus ba cheart di leanúint ar aghaidh agus í a neartú.

Cur chun Feidhme an Churaclaim agus na Straitéise: Bhraith daoine eile gur chuir cur chun feidhme straitéisí agus curaclam nua le tairbhí sa litearthacht dhigiteach agus san uimhearthacht, agus cheistigh daoine eile an ndearnadh tairbhí i scoileanna ó 2011 i leith. Iarradh go ndéanfaí infheistíocht ní ba mhó i dtacaíochtaí ar an láthair chun cur ar chumas múinteoirí an méid atá sa straitéis reatha a chur chun feidhme go héifeachtach.

C33 I ndomhan atá ag éirí níos nasctha i gcónaí, conas is fearr is féidir linn feabhas a chur ar an litearthacht dhigiteach do gach foghlaimeoir?

Fuarthas 177 freagairt ar an gceist sin agus sainaithníodh na téamaí is coitianta agus cuireadh cur síos ardleibhéil ar fáil ar an méid a bhain gach foghlaimeoir amach, lena n-áirítear múinteoirí agus oideoirí i scileanna litearthachta digití/uimhearthachta ó bhí an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta dheireanach ann in 2011.

Rochtain ar Theicneolaíocht: D'iarr formhór na bhfreagróirí maoiniú méadaithe don oideachas digiteach i scoileanna agus go sonrach maidir le gléasanna digiteacha a sholáthar do gach foghlaimeoir agus rochtain níos fearr ar leathanbhanda do gach scoil, go háirithe leathanbhanda scoile tuaithe. Luaigh roinnt eile acu go raibh tacaíocht theicniúil de dhíth ar scoileanna chun a scoileanna a bhainistiú agus a reáchtáil, toisc go bhfuil na céadta gléas ag go leor iar-bhunscoileanna níos mó agus gur minic a bhíonn tacaíocht atá díreach in am de dhíth orthu.

Forbairt Ghairmiúil: Cé gur iarradh go méadófaí forbairt ghairmiúil múinteoirí maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid san oideachas, leag formhór na bhfreagróirí béim ar an ngá atá le béim a leagan ar litearthacht dhigiteach do mhúinteoirí. Go sonrach, theastaigh ó scoileanna níos mó deiseanna chun nascadh le scoileanna eile agus chun a gcleachtais a roinnt agus foghlaim óna bpiaraí. I ndáil leis sin, bhí moltaí ann chun nascadh go seachtrach le córais eile atá ag soláthar réimse tacaíochtaí litearthachta digití dá bhfoghlaimeoirí cheana féin.

Sábháilteacht ar Líne: Leag go leor freagróirí béim ar shaincheist na sábháilteachta ar líne agus na saincheisteanna gaolmhara (i.e. úsáid fón póca, na meán sóisialta agus suíomhanna idirlín etc.). Iarradh go gcuirfí oiliúint ní b'fhearr ar mhúinteoirí agus ar fhoghlaimeoirí araon maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid, agus gur cheart é a mhúineadh i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Mhol freagróir amháin gur cheart an tsábháilteacht ar líne a nascadh leis an bhfolláine, go háirithe i gcomhthéacs na sábháilteachta ar líne, agus mhol freagróirí eile gur ghá dúinn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar úsáid chriticiúil na dteicneolaíochtaí digiteacha i measc foghlaimeoirí.

Comhtháthú Curaclaim: D'iarr formhór na bhfreagróirí go bhforbrófaí scileanna litearthachta digití a luaithe is féidir i saol an linbh. Luaigh daoine eile gur ghá do thús eolais maidir leis an litearthacht dhigiteach a bheith oiriúnach ó thaobh aoise de agus, dá bhrí sin, go raibh gá le cuir chuige dhifreáilte de réir aoise. Mhol daoine eile gur chóir go mbeadh cúrsa tiomnaithe sa tSraith Shóisearach, agus thug daoine eile faoi deara go bhfuil ábhair churaclaim/gearrchúrsaí san iar-bhunscoil cheana féin (i.e. gearrchúrsaí sa Chódú, agus na Meáin Dhigiteacha agus

Litearthacht agus ábhar na hArdteistiméireachta sa Ríomheolaíocht) ach gur gá é a leabú ar fud an churaclaim i ngach ábhar.

C34 Conas is féidir linn tacaíocht níos fearr a thabhairt d'oideoirí chun litearthacht dhigiteach a fhorbairt do gach foghlaimeoir?

Fuarthas 177 freagairt ar an gceist sin agus sainaithníodh na téamaí is coitianta agus cuireadh cur síos ardleibhéil ar fáil ar na moltaí a cuireadh chun cinn maidir le conas tacaíocht níos fearr a thabhairt d'oideoirí litearthacht dhigiteach a fhorbairt do gach foghlaimeoir.

Forbairt agus Oiliúint Ghairmiúil: Leag formhór na bhfreagróirí béim ar an ngá atá le tuilleadh infheistíochta i bhforbairt ghairmiúil agus in oiliúint ghairmiúil do phearsanra FCLÓ agus scoile. D'iarr freagróirí FCLÓ go n-áireofaí san fhorbairt ghairmiúil acmhainní méadaithe agus faisnéis mhéadaithe maidir le húsáid na teicneolaíochta digití in FCLÓ agus i straitéisí cur chun feidhme atá oiriúnach ó thaobh aoise de. Sna scoileanna iarradh sna freagairtí raon leathan tacaíochtaí sa réimse sin ó thacaíochtaí inscoile (i.e. arna soláthar ag na seirbhísí tacaíochta agus ag daoine eile), go raon leathan cúrsaí (i.e. i bpearsa nó ar líne) go líonraí foghlama gairmiúla (i.e. arna reáchtáil in ionaid oideachais áitiúla). D'iarr freagróirí go mbeadh am ann chun dul i ngleic leis na tacaíochtaí sin agus, ar deireadh, chun cur ar a gcumas a bheith ina n-úsáideoirí teicneolaíochtaí digiteacha níos criticiúla ina dteagasc.

Acmhainní, Trealamh agus Maoiniú: Chomh maith le rochtain a bheith acu ar fhorbairt ghairmiúil ar ardchaighdeán, bhí éilimh iomadúla ann go leanfaí ar aghaidh, agus i gcásanna áirithe go méadófaí an maoiniú, do threalamh, do bhogearraí agus d'acmhainní eile ionas gur féidir le scoileanna oideachas litearthachta digití bríoch a chur ar fáil. D'athdhearbhaigh na freagróirí arís gur gá infheistíocht leanúnach a dhéanamh san oideachas digiteach, agus go háirithe i réimse na litearthachta digití. Rinne roinnt freagróirí tagairt don bhearna dhigiteach i ndáil leis an tsaincheist sin agus don tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbeidh rochtain ag gach duine óg ar ghléasanna digiteacha, ionas gur féidir leo a litearthacht dhigiteach a fhorbairt.

Curaclam agus Modhanna Teagaisc: Chuir na freagróirí i dtábhacht arís eile gur gá scileanna litearthachta digití a leabú i ngach ábhar ionas go mbeidh foghlaimeoirí, de gach aois, níos géarchúisí agus níos criticiúla maidir leis an úsáid a bhaineann siad as teicneolaíochtaí digiteacha agus go háirithe as ábhar digiteach. I saol an lae inniu, is scil é seo atá ag éirí níos tábhachtaí, a théann i bhfeidhm ar gach réimse den churaclam.

Tosca Eile

C35 Cad eile ba mhaith leat a bheith san áireamh i Straitéis nua Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití (nár clúdaíodh roimhe seo)?

Bhí 96 freagairt ar an gceist sin. Sainaithníodh go leor de na saincheisteanna a liostaigh na freagróirí faoin gceist sin cheana féin sa suirbhé.

Mhol freagróirí athruithe ar an gcuraclam agus ar na cuir chuige theagaisc i scoileanna, amhail comhtháthú leis na healaíona agus fócas ar réiteach fadhbanna.

D'iarr freagróirí freisin go ndéanfaí infheistíocht mhéadaithe i suíomhanna FCLÓ agus scoile agus d'iarr siad spás chun machnamh a dhéanamh ar an soláthar atá ann cheana maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach agus chun a chinntiú gur cuireadh aon straitéis nua in iúl go héifeachtach do na páirtithe leasmhara go léir, go háirithe tuismitheoirí.

Mar fhocal scoir, d'iarr roinnt freagróirí go dtabharfaí tuilleadh fócais ar an Uimhearthacht sa straitéis sin agus thug siad rabhadh nach ionann an Uimhearthacht agus an Mhatamaitic. D'éiligh siad go gcaithfí ar bhealach ní b'iomlánaí leis an Uimhearthacht, ionas go mbeadh tuiscint dhomhain ag foghlaimeoirí de gach aois ar cad is brí le bheith uimheartha i sochaí an 21ú haois.